

# Tuarascáil Bhliantúil 2019

*Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*

National Library of Ireland



LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

# Tuarascáil Bhliantúil 2019

Arna foilsiú ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

©Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 2020

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, Éire
Fón: +353 1 603 0200
Facs: +353 1 676 6690
Ríomhphost: info@nli.ie
Suíomh gréasáin: www.nli.ie

Íomhá an chlúdaigh: 'Birdsong' le Bob Quinn, ó ghairdín Mhúsaem Litríochta na hÉireann (MoLI). Grianghrafadóir: Jason Clarke

# Ábhar


| | |
|---|---|
| FOCAL ÓN GCATHAOIRLEACH | 2 |
| RÉAMHRÁ AN STIÚRTHÓRA | 2 |
| SRACFHÉACHAINT AR 2019 | 3 |
| BAILIGH | 4 |
| COSAIN | 6 |
| CEANGAIL | 8 |
| NUÁIL | 14 |
| COMHOIBRIGH | 16 |
| TINREAMH COMHALTAÍ BOIRD | 18 |
| RÁITIS AIRGEADAIS 2019 | 19 |

# Focal ón gCathaoirleach



In 2019 rinne Leabharlann Náisiúnta na hÉireann dul chun cinn ollmhór faoi chúig cinn dár gcolún straitéiseacha - bailigh, cosain, ceangail, nuáil agus comhoibrigh.

Osclaíodh Músaem Litríochta na hÉireann (MoLI), ár gcomhpháirtíocht shuaitheanta le hOllscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, ag Teach Newman ar Fhaiche Stiabhna i mBaile Átha Cliath. Toradh is ea MoLI ar chóir a bheith deich mbliana d'obair chomhoibritheach. Tugtar le chéile ann bailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta nach bhfuil ar fáil in aon áit eile, foirgnimh iontacha Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, agus saineolas dhá mhór-institiúid. Beidh MoLI ina cheann scríbe turasóirí i gcroílár Bhaile Átha Cliath, ina roinnfear ár seoda, lena n-áirítear Cóip Uimh. 1 de Ulysses le James Joyce, le lucht féachana/éisteachta nua.

Críochnaíodh an chéad mhórchéim d'athfhorbairt phríomhfhoirgneamh na Leabharlainne i mbliana. Mar aon lenár gcomhpháirtithe in Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, cruthaíodh stór úr leabhar ar an láithreán. Aistríodh 350,000 leabhar as an stóras Victeoiriach nach raibh oiriúnach inár Sciathán Thiar go dtí dálaí sábháilte agus slána úra. Táthar ag leanúint le hobair anois chun an Sciathán Clé a athchóiriú go spás poiblí. Bhí mé thar a bheith sásta ár gclár for-rochtana réigiúnach a fheiceáil ag méadú, le himeachtaí amhail saothar an ghrianghrafadóra Denis Tynan i nDún na nGall a cheiliúradh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, as a dtacaíocht láidir don Leabharlann Náisiúnta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le mo chomhghleacaithe Boird ar fad as a dtiomantas don Leabharlann Náisiúnta. Thar ár gceann ar fad, gabhaim mo bhuíochas leis an Dr Sandra Collins agus gach duine ar fhoireann na Leabharlainne Náisiúnta, as a n-obair chrua i rith na bliana rathúla seo. Ós rud é gurb é seo mo bhliain dheireanach an onóir a bheith agam mar Chathaoirleach, ba mhaith liom críochnú trí gach rath a ghuí ar an Leabharlann amach anseo, thar ceann mo chomhghleacaithe Boird agus mo féin.

H. Paul Shovlin

# Réamhrá an Stiúrthóra



Le linn 2019, bhí ár gcuid oibre spreagtha ag ár bhfís lárnach: scéal na hÉireann a roinnt leis an saol trínár mbailiúcháin uathúla.

Tá ár mBeartas Éagsúlachta agus Cuimsithe riachtanach leis an bhfís sin a bhaint amach. I mí Feabhra 2019, b'ábhar bróid dom é ár gcéad Fhóram Éagsúlachta agus Cuimsithe a óstáil, ag cur fáilte roimh os cionn 70 rannpháirtí ó speictream leathan eagraíochtaí tacaíochta. Roinn siad léargas maidir le conas is féidir le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann bheith níos cuimsithí, rud a chuirfidh bonn eolais faoinár gcuid oibre ó seo amach.

Bhí sé iontach fáilte a chur roimh os cionn 100,000 cuairteoir chuig ár dtaispeántas 'Seamus Heaney: Listen Now Again' ina chéad bhliain, agus dhá thaispeántas grianghrafadóireacht úra a sheoladh, 'A Modern Eye: Helen Hooker O'Malley's Ireland' gus 'From Turmoil to Truce: Photographs of the War of Independence.'

Rinneadh dul chun cinn ar ár dtiomantas maidir le gach gné de shaol na hÉireann trí na céadta a thaifeadadh agus a roinnt le linn 2019. Tá ríméad orainn ár gcead Treoirthionscadal Digiteach, leis an scríbhneoir Marian Keyes a fhógairt, agus táimid ag tnúth le sonraí ár gcéad treoirthionscadail eile in 2020 a roinnt. Leanadh le 'Towards a Republic,' ár mórthionscadal catalógaithe agus digitithe de Dheich mBliana na gCuimhneachán le linn na bliana.

Ba bhuaicphointí sonracha iad in 2019 Cartlann JP Donleavy a fháil, faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, agus Bailiúchán Rowan a fháil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár mbronntóirí ar fad a bhfuil ról tábhachtach acu maidir le tacaíocht a thabhairt do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach, leis an mBord agus le mo chomhghleacaithe ar fhoireann na Leabharlainne Náisiúnta, as a dtiomantas seasmhach le linn na bliana.

An Dr Sandra Collins

# Sracfhéachaint ar 2019

OS CIONN **280,000** CUAIRT

FUAIR BEAGNACH **15,000** DUINE COMHAIRLE FAOI STAIR AN TEAGHLAIGH SAOR IN AISCE

**16,003** LEABHAR, NUACHTÁN AGUS TRÉIMHSEACHÁN NUA

**630** SUÍOMH GRÉASÁIN ÉIREANNACH BAILITHE AGUS CAOMHNAITHE

**57,000** LEANTÓIR

AISTRÍODH **350,000** LEABHAR GO DTÍ STÓRAS ÚR

**20 MILLIÚN** IDIRGHNÍOMHAÍOCHT AR LÍNE LE CHÉILE

D'FHREASTAIL **35,000** AR THURAIS, CAINTEANNA, CEARDLANNA AGUS LÉIRITHE

**6** THAISPEÁNTAS AR THUG **210,000** DUINE CUAIRT ORTHU

MOLI

**1 MHÚSAEM ÚR** MÚSAEM LITRÍOCHTA NA hÉIREANN

# 1. BAILIGH

Is é misean na Leabharlainne Náisiúnta cuimhne thaifeadta na hÉireann a bhailiú, a chosaint agus a chur ar fáil. Áirítear leis sin cóip de gach leabhar, gach tréimhseachán agus gach nuachtán a foilsíodh in Éirinn faoi rud ar a dtugtar taisce dhlíthiúil. Áirítear ar Bhailiúcháin Speisialta na Leabharlainne saibhreas iontach lámhleabhar, priontaí agus líníochtaí, ábhar gearrshaolach, grianghraf. Tá ár mbailiúcháin ar fad ina mbuanbhailiúcháin agus tá siad ar fáil do gach uile dhuine.

## Ceannacháin 2019

**8,417 nuachtán agus 3,463 sraithiris**


**Níos mó ná 150 ceannachán do Bhailiúcháin Speisialta***

**4,123 leabhar arna bhfáil**

* (áirítear leis sin nithe aonair agus bailiúcháin)




**Bhronn Clann JP Donleavy Cartlann JP Donleavy ar an Leabharlann Náisiúnta faoi alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997. Cuimsítear i gcartlann an údair Gael-Mheiriceánaigh leabhair nótaí, lámhscríbhinní, scripteanna drámaíochta, litreacha, póstaeir agus cláir amharclannaíochta, chomh maith le céad eagráin de shaothar an údair. I measc na seod sa chartlann tá dréacht clóscríbhinne de 'The Ginger Man' ó 1951, agus nótaí éagsúla le Brendan Behan, rud a thugann le chéile beirt de na pearsana litríochta ba spéisiúla in Éirinn i lár an 20ú haois.**



I rith 2019, leanamar ag cur lenár mbailiúcháin Speisialta ar dhóigh shuntasach trí bhronntanais agus trí cheannacháin.

Áiríodh leo sin leabharlann fhairsing de litríocht páistí agus scríbhneoireacht ar litríocht páistí; Páipéir Sheáin Uí Mhórdha lena n-áirítear bailiúchán fairsing de chomhfhreagras ó Samuel Beckett; agus cuntais agus páipéir airgeadais Bhanc Shinn Féin, 'Irish National Aid and Volunteer Dependants' Fund', a ceannaíodh le maoiniú speisialta a leithdháil an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Bhí ríméad orainn chomh maith bailiúchán Rowan a fháil, arb é bailiúchán iontach de 215 leabhar maidir leis an ailtireacht, lena bhfuil leithdháileadh speisialta maoinithe de €166,185 a sholáthair an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Fuarthas an bailiúchán i gcomhair le Cartlann Ailtireachta na hÉireann, ina gcuirfear an bailiúchán ar fáil le féachaint air. Ag deireadh na bliana, chuireamar fáilte roimh an mbronntanas de stair teaghlach ar a ndearna Taistealaithe taighde ina dtugtar eolas faoi shinsearacht triúr Thaistealaithe a bhfuil cónaí orthu i bhFionnghlas agus sa Chúlóg. Cruthaíodh ábhair na staire teaghlach sin mar chuid den tionscadal 'Pavee Roads Home' lenár gcartlannaithe, agus soláthraítear léargas iontu ar stair agus ar fhéiniúlacht na dTaisealaithe.



# 2. COSAIN

Croífheidhm den Leabharlann Náisiúnta is ea cúram na mbailiúchán. Tá raon na mbailiúchán a dtugaimid aire dóibh idir phlátaí fótagrafacha de ghloine shobhriste agus lámhleabhair Ghaelacha ón 14ú haois, agus os cionn 30 ciliméadar de leabhair agus cartlann suíomhanna gréasáin Éireannacha. Táimid ag obair chun caighdeáin nua-aimseartha dár mbonneagar fisiceach agus digiteach a chomhlíonadh, agus chun an t-eispéireas is fearr agus is féidir a chur ar fáil dár n-úsáideoirí.

## Clár Tógála

Rinneadh mórfhorbairtí in 2019 faoinar gcolún Cosain, agus Céim 1 dár dtionscadal forbartha caipitil curtha i gcrích le hoscailt stóir leabhair nua-aimseartha ar Shráid Chill Dara.

Cuideoidh an tionscadal ilbhliantúil sin leis na bailiúcháin náisiúnta a fháil agus a chosaint, agus spásanna poiblí úra agus bunathraithe a chruthú ag an Leabharlann Náisiúnta. Chuir an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maoiniú forbartha caipitil ar fáil le haghaidh oibreacha athfhorbartha arna ndéanamh ag Oifig na nOibreacha Poiblí, agus le haghaidh na n-oibreacha cumasúcháin a rinne Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, mar chuid den €23 milliún ar an iomlán a leithdháileadh ar an Leabharlann Náisiúnta faoi Thionscadal 2040.

Faoi chéim 1, cuireadh maoiniú €1.6 milliún ar fáil i gcomhair obair a sholáthair an Leabharlann Náisiúnta, Oifig na nOibreacha Poiblí, agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcomhar. Ba gharsprioc shuntasach é cur i gcrích na céime sin, agus príomhchuid dár mbailiúchán náisiúnta á thabhairt ó dhrochdhálaí go stóras sábháilte nua-aimseartha. Is ionann an obair sin agus an fhorbairt ba shuntasaí i gcúram na mbailiúchán ó d'oscail Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a doirse chuig ár bpríomhfhoirgneamh ar Shráid Chill Dara in 1890.





Cuireadh tús le Céim 1 den tionscadal in 2017. Rinneadh oibreacha cumasúcháin chun an úsáid is éifeachtaí a bhaint as spás sa stór úr leabhar a chinntiú, ag atheagrú na leabhar ar fad i Sciathán Thiar Victeoiriach Leabharlann Náisiúnta na hÉireann de réir méide. Cuireadh tús le tógáil an stórais in 2018, agus críochnaíodh é in 2019, agus cuimsítear ann 4,700 méadar líneach stórais. Nuair a críochnaíodh é, aistríodh 190,000 imleabhar ón Sciathán Thiar go dtí an stóras, agus aistríodh 160,000 earra nach raibh an oiread éilimh orthu go stóras lasmuigh den láithreán. Ceiliúradh an gharsprioc mhór sin le hoscailt fhoirmiúil an stórais i mí an Mheithimh 2019.

Éascaíodh an obair ar Chéim 1 trí 2017 – 2019 le dúnadh sealadach na seomra léitheoireachta ar an Luan. Bhí an tseirbhís sin ar ais ón Luan, an 30 Meán Fómhair 2019.

## Caomhnú agus Buanú


Tá baint mhór ag ár bhfoireann um chaomhnú leis an gclár tógála, ach níl ann sin ach cuid amháin dá gcuid oibre chun an bailiúchán náisiúnta a chaomhnú agus a bhuanú. Tugann caomhnóirí comhairle maidir le nithe a láimhseáil ar bhealach sábháilte, riocht an ábhair a mheas agus é a athlonnú, comhairle a thabhairt do bhaill den phobal ag imeachtaí agus ceardlanna ar chúram bailiúchán a thairiscint go rialta. Ullmhaíonn siad earraí chomh maith lena ndigitiú agus le haghaidh taispeántas, ag an Leabharlann Náisiúnta agus in áiteanna eile. In 2019 áiríodh leis sin caomhnú agus iompar an ábhair lena dtabhairt ar iasacht don taispeántas 'Cost of Revolution: The Life and Death of an Irish Soldier' ag The Museum of the American Revolution in Philadelphia, Stáit Aontaithe Mheiriceá. D'ullmhaigh siad ábhar chomh maith lena chur ar taispeáint i Músaem Litríochta na hÉireann, ár dtionscadal comhpháirtíochta le hOllscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, agus sholáthair siad sainchomhairle dóibh.




# 3. CEANGAIL


Tá an Leabharlann Náisiúnta ag nascadh daoine le scéal na hÉireann ó bhí 1877 ann, agus ar feadh na bliana bá é ár n-aidhm ár n-úsáideoirí uile a spreagadh, agus ár naisc a fhorbairt agus a threisiú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Líon na gcuairteoirí




## Rannpháirtíocht ar líne




- Amhairc ar Chláir
- Amhairc Flickr
- Amhairc ar an suíomh gréasáin

- Leantóirí ar Twitter
- Leantóirí ar Facebook

## Postálacha Facebook is Mó Éileamh

National Library of Ireland
December 12, 2019

Muriel MacSwiney, widow of Terence MacSwiney who died on hunger strike during the War of Independence, visited the US in December 1920 to generate awareness of the Irish cause - leading to supportive protests such as this one.




55,392 teagmháil | 1839 is maith liom | 252 comhroinnt

National Library of Ireland
December 26, 2019

An old Irish tradition for the 26th of December (St Stephen's Day) - the Wren Boys, shown here in Dingle Co Kerry.



32,588 teagmháil | 947 is maith liom | 149 comhroinnt

National Library of Ireland
June 28, 2019

Yesterday, the NLI welcomed Minister Josepha Madigan, Minister Kevin 'Boxer' Moran, OPW Ireland and authors Marie Heaney and Sarah Maria Griffin to celebrate the launch of our new book repository, keeping our collections secure into the future. Read more, via The Irish Times, below.

National Library of Ireland unveils new book repository: https://www.irishtimes.com/.../national-library-of...




17,471 teagmháil | 103 is maith liom | 25 comhroinnt

## Tvuíteanna is Mó Éileamh

National Library of Ireland @NLIreland · Dec 26, 2019

An old Irish tradition for the 26th of December (St Stephen's Day) - the Wren Boys, shown here in Dingle Co Kerry.



65,894 imprisean / 446 is maith liom / 172 athtvuít

National Library of Ireland
@NLIreland

WATCH: The NLI is delighted to bring a selection of Seamus Heaney's poetry to public transport users across the country, to coincide with what would have been his 80th birthday on 13th April. Watch the video below to learn more, and be sure to keep an eye out for the campaign!




57,120 imprisean / 250 is maith liom / 104 athtvuít

National Library of Ireland @NLIreland · Aug 13, 2019

'The love I had for the green lamps and the clacking bookrests'...writer Kate O'Brien, who died #OTD in 1974, describing her affection for our beautiful reading room.



28,724 imprisean / 247 is maith liom / 52 athtvuít

# Buaicphointí Cuairte agus Imeachtaí

Le linn 2019, chuireamar fáilte roimh chuairteoirí chuig ár bhfoirgnimh chun taitneamh a bhaint as ceol agus as léirithe, as léachtaí agus díospóireachtaí painéil, as turais agus as comhroinnt eolais. Bhain baill d'fhoireann na Leabharlainne Náisiúnta leas freisin as deiseanna chun ár scéal a chomhroinnt ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Teaghlaigh agus Daoine óga

**Le linn na bliana bhíomar rannpháirteach le scoileanna agus grúpaí teaghlaigh, trí thurais, ceardlanna, scéalaíocht agus comórtais. Mheall Poetry Aloud – ár gcomhpháirtíocht le Filíocht Éireann i gcás go nglacann daltaí as gach cearn den oileán páirt i gcomórtas véarsaíochta-labhartha – os cionn 1500 iontráil ó gach cearn d'Éirinn, agus chuireamar fáilte chomh maith roimh ghrúpaí scoile le haghaidh turas agus ceardlann le linn na scoilbhliana. I mí Aibreáin chuireamar fáilte roimh theaghlaigh chuig an gCartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta don fhéile cheoil 'Big Bang', féile do pháistí atá maoinithe ag AE (i gcomhar le The Ark) áit inar éist cuairteoirí le roinnt píosa ónár mbailiúchán ceoil. I mí Iúil, dhírigh ár gclár ar imeachtaí do pháistí agus do dhaoine óga le scéalaíocht, líníocht, ceardlann armas agus ár gcampa stair dhá lá, 'Hands-on History.'**





## Turais, Cainteanna, Seimineáir agus Cúrsaí

**Chuireamar turais treoraithe dár dtaispeántais leanúnacha ar fáil le linn 2019 i mBéarla agus i nGaeilge, chomh maith lenar dturas móréilimh 'History and Heritage' agus ceardlanna taighde réamheolais gach mí. D'óstálamar cúrsaí leanúnacha i gcomhpháirtíocht le hOideachas Aosaigh Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath agus d'eagraíomar cainteanna ar fhreastail go leor daoine orthu lena n-áirítear cainteanna a thug an tOllamh Roy Foster, an Dr Joe Hassett, agus an file Paul Muldoon ag ár dtaispeántas 'Seamus Heaney: Listen Now Again.' Ba í an tOllamh Geraldine Higgins a thug léacht bliantúil Joseph Hassett Yeats i mí an Mheithimh, ina ndearna sí machnamh ar dhearcadh Yeats maidir leis an teorainn. I mí Mheán Fómhair, sholáthraíomar seimineár leathlae maidir le grianghrafadóireacht dhigiteach a chaomhnú dar teideal 'Digital Photography: Create, Curate, Save.'**




## Ceol agus Léiriú

Buaicphointe dár léiriú ba ea an tsraith ceolchoirmeacha 'Listen Now Again Live', a bhí ar siúl i rith an tsamhraidh. Ba í Lorelei Harris a choimeád na ceolchoirmeacha lóin saor in aisce sin ag Lárionad Cultúrtha agus Oidhreacht Bhanc na hÉireann, agus tugadh le chéile ann mórcheoltóirí agus léitheoirí mór le rá chun filíocht Seamus Heaney a roinnt agus freagairt di. Thairgeamar ceolchoirm Lá Bloom sa Seomra Léitheoireachta i gcom-hpháirtíocht le Istituto Italiano di Cultura, agus i mí na Samhna, d'óstálamar 'Gallipoli, the GPO and Flanders', léiriú speisialta leis an gceoltóir a bhfuil duaiseanna buaite aige, Michael Holohan. Tacaithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, i measc na dtaibheoirí bhí an t-aisteoir Barry McGovern, an drámadóir agus aisteoir Donal O'Kelly agus Ceathairéad Téadach ConTempo de chuid RTÉ. D'óstálamar Ceoltóirí Gaspal Bhré le haghaidh imeacht tráthnóna i mí na Nollag chomh maith.

## Ár Scéal a Chomhroinnt

Rinne an Dr Sandra Collins ionadaíocht don Leabharlann Náisiúnta ag tionscnamh Leabharlann Náisiúnta Lucsamburg agus ag imeachtaí eile ar fud na tíre agus thar lear le linn na bliana. Thug Mná sa Teicneolaíocht agus san Eolaíocht cuireadh don Dr Collins chomh maith chun léacht bliantúil Mary Mulvihill a thabhairt i mí Dheireadh Fómhair. D'fhreastail baill foirne air agus d'fhreastail siad ar chomhdhálacha, lena n-áirítear Comhdháil LAI, IFLA, agus an Chomhdháil Cartlannaithe Gréasáin (IIPC). Rinneadh ionadaíocht chomh maith don Leabharlann Náisiúnta ag dinnéar fleáchais Chistí Éireann i Nua-Eabhrac i mí na Bealtaine, sa chás go raibh tacaíocht Cistí Éireann do 'Seamus Heaney: Listen Now Again' ar cheann de na tionscadail a bhí ar siúl, agus d'fhreastail an Stiúrthóir agus an Leas-Stiúrthóir ar sheoladh taispeántais de lámhscríbhinní Seamus Heaney mar aíonna in Ionad Ealaíon na hÉireann i Nua-Eabhrac i mí na Samhna.



## Taispeántas Yeats: Saol agus Saothar William Butler Yeats

Agus leas á bhaint as bailiúchán leathan Yeats de chuid na Leabharlainne Náisiúnta, déantar iniúchadh leis an taispeántas ilmheán buan seo a bhfuil duaiseanna buaite aige ar shaol duine de na filí mór le rá den fichiú haois agus ar a chuid spéiseanna iontacha iomadúla lenar áiríodh litríocht, béaloideas, drámaíocht, polaitíocht agus an draíocht.






## World War Ireland: Exploring the Irish Experience

Osclaíodh ‘World War Ireland’ i mí na Samhna 2014, le tacaíocht ó Ambasáid na Breataine in Éirinn. Déantar iniúchadh sa taispeántas ar eispéireas na hÉireann le linn an Chéad Chogadh Domhanda trí bhailiúcháin litreacha, dialann, póstaer earcaíochta, tuairiscí nuachtáin, cartúin agus bileoga. Le cuntais phearsanta agus fianaise finnéithe ón mbunfhoinse tugadh léargas uathúil do na cuairteoirí faoin gcineál saoil a bhí ag saighdiúirí Éireannacha thar lear agus sa bhaile araon le linn an Chéad Chogadh Domhanda. Tá an taispeántas ar fáil chomh maith i leagan taistil a óstáladh in ionaid ar fud na hÉireann.




## From Ballots to Bullets: Ireland 1918-1919

Osclaíodh ‘From Ballots to Bullets: Ireland 1918-1919’ ag an gCartlann Náisiúnta Grianghrafadóireachta i mí Mheán Fómhair 2018 agus bhí sé ar siúl go dtí mí na Bealtaine 2019. Léiríodh dhá bhliain achrannacha agus shonracha ann i saol na hÉireann, trí stoic irisí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann de ghrianghraif, nuachtáin, póstaeir, cártaí poist agus fógraí. Ba í Senator Ivana Bacik, cathaoirleach coiste Vótáil100 an Oireachtais a sheol é.



## A Modern Eye: Helen Hooker O'Malley's Ireland

Bhí an taispeántas seo, comhpháirtíocht le Gailearaí Grianghrafadóireachta na hÉireann, ar siúl ó mhí an Mheithimh go dtí mí na Samhna ag ár gCartlann Náisiúnta Grianghrafadóireachta. Ba é an chéad mórthaispeántas iardhearcach ar shaothar grianghrafadóireachta Helen Hooker O'Malley (1905-1993) a rugadh i Meiriceá. Agus é ina léargas suimiúil ar fhís chruthaitheach mná nua-aimseartha, neamhspleáiche, i ndiaidh Neamhspleáchas na hÉireann, thairg an taispeántas níos mó ná 50 grianghraf do chuairteoirí inar gabhadh grá ar feadh na mblianta do thírdhreach, stair agus muintir na hÉireann. Bhí chomhfhoilseacán ag gabháil leis inar tugadh mioneolas faoin saothar.




## 'From Turmoil to Truce: Photographs of the War of Independence'

Sheol an tOllamh Diarmaid Ferriter 'From Turmoil to Truce' ag an gCartlann Náisiúnta Grianghrafadóireacht i mí na Samhna. Baintear leas sa taispeántas as stoic irisí fhlúirseacha agus éagsúla Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus gearrthóga nuachtáin chun iniúchadh a dhéanamh ar phríomhghnéithe tréimhse drámatúla, brúidiúla agus an-dian i stair na hÉireann. Léiríonn sé an tionchar a mothaíodh ar fud na tíre agus ar gach leibhéal de shochaí na hÉireann, agus eispéiris phearsanta daoine aonair agus teaghlach araon.



## Seamus Heaney: Listen Now Again

I dtionscadal comhpháirtíochta idir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Banc na hÉireann, baineann an taispeántas leas as cartlann fhairsing na Leabharlainne Náisiúnta de dhoiciméid Heaney, agus cuimsítear ann lámhscríbhinní bunaidh Heany chomh maith le litreacha, saothair nár foilsíodh, iontrálacha dialainne, grianghraif, leabhair nótaí, agus taifeadtaí ilmheán. Faoi choimeád Geraldine Higgins, Stiúrthóir an Léinn Éireannaigh ag Ollscoil Emory, agus deartha ag Ralph Appelbaum and Associates, tugann an taispeántas an cuairteoir ar aisteoir ilchéadfach trína ghairm fhileata iontach.

Arna sheoladh in 2018, is é an chéad taispeántas a coinníodh i Lárionad Cultúrtha agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann laistigh d'ionad Fhaiche an Choláiste Bhanc na hÉireann. In 2019, cuireadh an taispeántas ar an ngearrliosta do chatagóir ghradamach Idirnáisiúnta Ghradaim na Músaem agus na hOidhreachta, agus bhuaigh sé Gradam GOOD DESIGN 2019 - an clár is sine agus is mó aitheanta ar domhan maidir le barr feabhais deartha ar fud an domhain.


## Taispeántais ar an mBóthar

Inár dtaispeántais ar an mbóthar déantar iniúchadh ar araltas, litríocht páistí, an Chéad Chogadh Domhanda, Joyce agus Ulysses, léarscáileanna agus nuachtáin. Tá na taispeántais ar fad ar fáil le hiasacht a fháil orthu ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. In 2019, tugadh an taispeántas go scoileanna, leabharlanna agus ionaid chuairteoirí ar fud na hÉireann. Bhí ríméad orainn in 2019 gur thaisteal 'A Modern Eye: Helen Hooker O'Malley's Ireland' chuig Ollscoil Luimnigh i mí na Nollag.

# 4. NUÁIL

Is é aidhm Leabharlann Náisiúnta na hÉireann dul i ngleic le dúshláin an domhain dhigitigh - ag bailiú, ag buanú agus ag soláthar rochtana ar fhaisnéis ar bhealaí nua agus nuálacha.

Bhailigh an fhoireann um Bailiúcháin Dhigiteacha ábhar digitghinte le linn 2019, ag cur lenár gcartlann ghréasáin, ina gcaomhnaítear suíomhanna gréasáin ábhar Éireannacha agus ina gcuirtear ar fáil go hoscailte iad. Leanamar le hobair le linn 2019 chomh maith ar ár dtreoirthionscadail Ábhair Dhigitghinte, bhíomar i ndlúth-idirchaidreamh lenár dtrí treoir-rannpháirtí, agus d'fhógraíomar ár gcéad chomhpháirtí, an scríbhneoir Marian Keyes. Chuamar i comhairle lenár gcomhghleacaithe idirnáisiúnta ón Eoraip agus ón Astráil faoinár sreafaí oibre agus leanamar lenár bhfor-rochtain agus tacaíocht, mar aon le hoiliúint agus forbairt.




## Buaicphointí Digitithe


Chruthaíomar os cionn 23,000 íomhá dhigiteach trínár gclár digitithe in 2019, lena n-áirítear 1,776 grianghraf, 696 prionta agus líníocht, agus 4,696 lámhscríbhinn. Áiríodh leis sin bailiúchán grianghrafadóireachta Helen Hooker O'Malley agus an chéad chéim den tionscadal 'Towards a Republic.'





# Cartlannú Gréasáin Roghnach

Lean Cartlannú Gréasáin Roghnach Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag fás agus ag forbairt le linn 2019. Ransaíomar 630 suíomh gréasáin, chuireamar teiribheart eile sonraí leis an gcartlann. Clúdaíodh raon leathan suíomhanna, idir oideachas, chultúr, aeráid, spórt agus an saol tuaithe agus Brexit agus gluaiseachtaí sóisialta.






# 5. COMHOIBRIGH

Oibríonn an Leabharlann Náisiúnta le páirtithe chun níos mó a bhaint amach le chéile ná mar a thiocfadh linn a bhaint amach linn féin. Cuireann traidisiún na comhpháirtíochta taca faoi chuid den mhéid is suntasaí agus is luachmhaire atá bainte amach againn.

## Éagsúlacht & Cuimsiú

Le seoladh ár mBeartais Éagsúlachta & Cuimsithe in 2018, díríodh i bpríomhthosaíocht ar an ngá atá ann don Leabharlann Náisiúnta na hÉireann bheith níos rannpháirtí leis an pobail agus na grúpaí a bhféachann sí le hionadaíocht níos fearr a dhéanamh ar a son, freastal orthu agus fáilte a chur rompu. Chinn ár gCoiste um Éagsúlacht agus Cuimsiú go gcuideodh an t-imeacht i stíl fóraim leis an gcéad chéim eile den ghníomhaíocht a mhúnlú.

Agus é ar siúl i mí Feabhra 2019, d'oibrigh Fóram um Éagsúlacht agus Cuimsiú Leabharlann Náisiúnta na hÉireann le speictream leathan eagraíochtaí tacaíochta, gníomhaithe aonair, ambasáidí, agus grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar son an Phobail Taistealaithe, LGBTI+, daoine faoi mhíchumais, comhionannas inscne, daoine dubha, áiseacha agus mionlach eitneach [BAME], daoine faoi mhíbhuntáiste sóisialta, daoine óga, agus pobail ghannionadaíochta eile. Sholáthair an fóram ardán do rannpháirtithe chun a n-aiseolas agus smaointe a chur ar fáil ar an dóigh a bhféadfadh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann bheith níos cuimsithí, agus cuirfidh an léargas agus na moltaí sin bonn eolais faoinar gcuid oibre ó seo amach.





## Comhpháirtíochtaí Digiteacha

Chuir an Leabharlann Náisiúnta leis an *Treoir Feidhmiúcháin maidir le Caomhnú Digiteach*, a eisíodh ar an 1 Bealtaine, arna sholáthar ag an gComhghuaillíocht ar son Caomhnú Digiteach agus tacaithe ag baill de thionscadal UNESCO/Chuimhne an Domhain/PERSIST. Leanamar lenár gcuid oibre le heagraíochtaí tríú leibhéal, lena n-áirítear Ionad Anailísíochta Sonraí Insight, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, agus chuir siad comhléiriú póstaeir dar teideal *Exploring Selective Web Archives via Network Analysis: an Irish Case Study* i láthair ag LIBER 2019 ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath in mí an Mheithimh.

D'eagraíomar an seimineár 'How do you eat an elephant? One byte at a time!' chomh maith chun an Lá bliantúil Domhanda ar son Caomhnú Digiteach a cheiliúradh i mí na Samhna, inar thug Patricia Sleeman, Cartlannaí Digiteach ag Ard-Choimisiún na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe spreagaitheasc, agus inar ghlac na cainteoirí Hugh Campbell ó Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann (PRONI) agus Maeve Gebruers ó Chartlann Ceoil Thraidisiúnta na hÉireann (ITMA) páirt. I mí an Mheithimh, d'óstálamar dhá imeacht oiliúna a thionóil an Chomhghuaillíocht ar son Caomhnú Digiteach: *Todhchaí an Chaomhnú Dhigitigh: Fóram Pobail 2019 agus Ag Tacú leis an gCaomhnú Digiteach.*



## MoLI: Músaem Litríochta na hÉireann

Rinneadh ár mórthionscadal comhpháirtíochta hOllscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, Músaem Litríochta na hÉireann (MoLI), a oscailt don phobal ar Oíche Chultúir, an 20 Meán Fómhair. Tá an Músaem, atá tacaithe ag Fondúireacht Naughton agus Fáilte Éireann, suite i dtimpeallacht stairiúil Theach Newnan Ollscoil na hÉireann ar Fhaiche Stiabhna, agus tá seoda neamhchoitianta ann ó bhailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta lena n-áirítear Cóip Uimh. 1 de Ulysses le James Joyce, agus rogha de dhréachtaí Joyce do Ulysses.




## Comhpháirtíochtaí Cláreagraithe agus Cuairteanna

Ghlacamar páirt le linn na bliana in imeachtaí náisiúnta amhail an tSeachtain Oidhreachta agus Cruinniú na nÓg. D'oibríomar le comhpháirtithe chun cláir mhealltacha agus inrochtana a chruthú, agus chun fáilte a chur roimh lucht féachana/éisteachta úr agus seanbhunaithe chuig an Leabharlann Náisiúnta.

I measc na mbuaicphointí dár gcuid oibre le Club Cultúir trí Chompántas Cultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath bhí; obair le féilte lena n-áirítear Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath, Féile Staire Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 'One City One Book', Ó na Sléibhte go dtí an Fharraige, Féile Liteartha Luimnigh agus Teach Oscailte Bhaile Átha Cliath; cainteanna agus imeachta a óstáil do chomhlachtaí amhail Cumann Béaloidis na hÉireann agus Cumann Staraithe Gairmiúla na hÉireann; agus léirithe amhail Léiriú Amharclann Curlew i gcomhair le hOllscoil Southern Maine. Bhí ríméad orainn dul i gcomhpháirtíocht le hambasáidí lena n-áirítear ambasáidí na hIodáile, na Spáinne agus an hIorua, agus as bheith ag obair le hAmbasáid na Sualainne chun seimineár a óstáil inár Seomra Léitheoireachta ar na naisc idir litríocht na Sualainne agus litríocht na hÉireann, ar a d'fhreastail Rí agus Banríon na Sualainne, an tUachtarán Michael D Higgins agus Sabina Higgins. Bhíomar an-sásta chomh maith fáilte a chur roimh Choimisinéir AE um Oideachas, Cultúr, an Óige agus Spórt, Tibor Navracsics, go 'Seamus Heaney: Listen Now Again' i mí Eanáir, mar chuid de chuairt a d'eagraigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

# Tinreamh Comhaltaí Boird

| *Comhalta Boird* | *Cruinnithe ar fhreastail an comhalta orthu* |
|---|---|
| H. Paul Shovlin (Cathaoirleach) | 9 |
| Ciara Breathnach | 9 |
| Bob Collins | 8 |
| Maeve Conrick | 8 |
| James Dorgan | 9 |
| Jack Keyes | 7 |
| Conor Kostick | 8 |
| Katherine McSharry | 8 |
| Eoin McVey | 6 |
| Susan Philips | 7 |
| Susan Schreibman | 6 |
| Jennifer Taaffe | 6 |

Is i gcáil dheonach a fhónann na Comhaltaí Boird agus ní fhaigheann siad aon íocaíochtaí as freastal ar chruinnithe Boird.

# Ráitis Airgeadais 2019


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 20 |
| Ráiteas faoi Rialú Inmheánach | 23 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 26 |
| Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | 28 |
| Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach | 29 |
| Ráiteas faoin Staid Airgeadais | 30 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim | 31 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 32 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

### Rialachas

Ceapadh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i gcomhréir leis an Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 12 den Acht (Feidhmeanna Bhord na Leabharlainne). Tá an Bord cuntasach don Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach príomhcheist ghnó. Tá an fhreagracht ag an Stiúrthóir agus ag an bhfoireann ceannaireachta sinsearaí as bainistíocht, rialú agus treoir laethúil Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann ceannaireachta sinsearaí cloí leis an treoir leathan straitéiseach a leagan an Bord síos agus ní mór dóibh a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag na Comhaltaí Boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas, agus ar rioscaí suntasacha ar bith ar dócha go dtiocfadh siad chun cinn. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta na Leabharlainne.

### Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí na ndaoine uile a bhfuil baint acu le hoibriú an Bhoird leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) maidir le comhaltaí Boird, an Cathaoirleach agus an Rúnaí. Leagtar amach sa Chód freisin na gnóthaí atá forchoimeádta go sainiúil lena gcinneadh ag an mBord. Áirítear na nithe seo a leanas le míreanna buana a bhreithníonn an Bord:

- Dearbhú leasanna,
- Tuarascálacha ó na coistí,
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- Tuarascálacha feidhmíochta, agus
- Ábhair fhorchoimeádta.

Ceanglaítear ar an Leabharlann Náisiúnta na hÉireann le hAlt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a fhaomhadh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus gach cuntas airgid is cuí agus is gnáth a fhaightear agus a chaitear inti a choinneáil.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin i gcás go bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag feidhmiú; agus
- A lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá mínithe agus nochta sna ráitis airgeadais.

Deimhníonn an Bord gur chloígh sé leis na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil ina nochtar, go réasúnta cruinn tráth ar bith, staid airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann lena gcuirtear ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 35 den Acht. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Tá an Bord freagrach chomh maith an plean bliantúil agus na buiséid bhliantúla a cheadú. Déantar meastóireacht leanúnach ar fheidhmíocht Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faoi threoir a buiséid agus phlean bhliantúil gnó. Tá an Bord freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar léargas fíor cruinn i ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2019. D'fhaomh an Bord síniú an ráitis seo agus na ráiteas airgeadais eile don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 ar an 10 Meán Fómhair 2020.

## Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus 11 ghnáthbhall, a cheapann an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ceapadh na comhaltaí Boird ar feadh tréimhse 5 bliana agus tagann siad le chéile 9 n-uaire in aghaidh na bliana. Éagfaidh téarmaí na gcomhaltaí Boird ar fad le linn 2020. Tá ceapacháin Boird úir ag an Aire á chur chun cinn ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus cuirfidh sé moltaí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann san áireamh i dtaca le hathcheapachán roinnt comhaltaí Boird maidir le coimeád eolais, agus na dátaí éagtha a scaradh amach don chéad Bhord eile thar 3-5 bliana. Sa Tábla thíos tugtar eolas faoin tréimhse ceapachán do na comhaltaí reatha:

| *Comhaltaí Boird* | *Ról* | *An Dáta a Ceapadh an Comhalta* | *Sonraí Breise* |
|---|---|---|---|
| H. Paul Shovlin | Cathaoirleach | 23 Deireadh Fómhair 2015 | |
| Bob Collins | Gnáthchomhalta | 30 Meán Fómhair 2015 | |
| Ciara Breathnach | Gnáthchomhalta | 30 Meán Fómhair 2015 | |
| Conor Kostick | Gnáthchomhalta | 30 Meán Fómhair 2015 | |
| Eoin McVey | Gnáthchomhalta | 11 Samhain 2015 | Ainmní de chuid Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath |
| Jack Keyes | Gnáthchomhalta | 30 Meán Fómhair 2015 | |
| James Dorgan | Gnáthchomhalta | 30 Meán Fómhair 2015 | |
| Jennifer Taaffe | Gnáthchomhalta | 30 Meán Fómhair 2015 | |
| Katherine McSharry | Gnáthchomhalta | 19 Samhain 2015 | Ainmní Fhoireann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann |
| Maeve Conrick | Gnáthchomhalta | 30 Meán Fómhair 2015 | |
| Susan Philips | Gnáthchomhalta | 11 Samhain 2015 | Ainmní de chuid Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath. Athcheaptha in 2015 le haghaidh téarma eile. |
| Susan Schreibman | Gnáthchomhalta | 30 Meán Fómhair 2015 | |

Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht féinmheasúnaithe i mí na Samhna 2019 agus chuir sé athbhreithniú seachtrach ar fhéin-éifeachtúlacht i gcrích i mí an Mhárta 2019.

Tá athbhreithniú inmheánach ar éifeachtúlacht féinmheasúnaithe á phleanáil ag an mBord faoi láthair agus tá sé le déanamh i mí Mheán Fómhair 2020.

Tá trí fhochoiste ar an mBord a bhfuil dhá cheann acu ina bhfochoistí reachtúla, is é sin an Coiste Comhairleach do Léitheoirí, an Coiste Ginealais agus Araltais agus coiste neamhreachtúil amháin, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR).

- Ó mhí an Mhárta 2019, tá an Coiste Comhairleach do Léitheoirí comhdhéanta de dhá chomhalta boird agus ceithre chomhalta neamhspleácha sheachtracha. Is é príomhfheidhm an Choiste Chomhairligh do Léitheoirí comhairle a thabhairt don Bhord maidir le cúrsaí a bhaineann le soláthar seirbhísí ag an Leabharlann. Tháinig an Coiste le chéile cúig uaire le linn 2019.
- Tá ceithre chomhalta boird agus ceithre chomhalta nach bhfuil ar an mbord ar an gCoiste Ginealais agus Araltais. Is é príomhfheidhm an Choiste Ginealais agus Araltais comhairle a thabhairt don Bhord maidir le cúrsaí a thagann chun cinn ó chumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla an Bhoird sna réimsí ginealais agus araltais. Tháinig an Coiste sin le chéile trí huaire le linn 2019.
- Tá an CIR comhdhéanta de thrí chomhalta boird agus comhalta neamhspleách seachtrach amháin. Is é ról an CIR tacú leis an mBord i ndáil lena fhreagrachtaí as ceisteanna maidir le riosca, rialú agus dea-rialachas agus dearbhú bainteach. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach,

cinntíonn an Coiste go ndéanfar monatóireacht go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an CIR don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe agus soláthraíonn sé tuarascáil bhliantúil don Bhord. Is iad comhaltaí an CIR an tUasal Eoin McVey (Cathaoirleach), Maeve Conrick, Uasal, an tUasal James Dorgan agus Teresa Harrington, Uasal (comhalta neamhspleách seachtrach – cuntasóir cáilithe). Bhí ceithre chruinniú ag an CIR in 2019.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansas

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe an Bhoird agus na gCoistí le haghaidh 2019 leagtha amach i Nóta 5(d) leis na Ráitis Airgeadais.

## Príomhathruithe Pearsanra

Le linn na bliana, rinne Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ceapachán i róil Cheann na nEastát, Cheann na dTaispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe agus i ról úr Leas-Stiúrthóra. I mí Eanáir 2020, cheap Leabharlann Náisiúnta na hÉireann Acmhainní Daonna agus d'éirigh an Ceann Airgeadais as. Cheap Leabharlann Náisiúnta na hÉireann Ceann Airgeadais úr i mí an Mheithimh 2020. Ní raibh athruithe ar bith ar bhallraíocht an Bhoird le linn 2019.

## An Nochtadh a Cheanglaítear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas leis an gCód:

- Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe - leagtha amach i Nóta 5(c) leis na ráitis airgeadais.
- Costais sainchomhairleachta – leagtha amach i nóta 5(f) leis na ráitis airgeadais
- Costais dlí agus socraíochtaí – leagtha amach i nóta 5(f) leis na ráitis airgeadais
- Caiteachas taistil agus cothaithe – leagtha amach i nóta 5(a) leis na ráitis airgeadais
- Caiteachas fáilteachais - ní raibh caiteachas fáilteachais ar bith ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann in 2018 nó in 2019.

## Ráiteas faoi Chomhlíonadh

Ghlac an Bord an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go gcomhlíonfar an Cód. D'fheidhmigh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú le haghaidh 2019 seachas an ceanglas don Bhord athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánaigh tráth nach déanaí ná trí mhí i ndiaidh dheireadh na bliana. Rinneadh an t-athbhreithniú sin ar an 10 Meán Fómhair 2020.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

| | |
|---|---|
| H. Paul Shovlin | An Dr Sandra Collins |
| *Cathaoirleach* | *Stiúrthóir* |

Dáta: 29 Meán Fómhair 2020

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

### Raon Freagrachta

Thar ceann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, aithním an fhreagracht atá ar an mBord as a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Agus an fhreagracht sin á comhlíonadh againn, tugtar aird ar cheanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a choinneáil ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis. Dá bhrí sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Bhí córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí an dáta a faomhadh na ráiteas airgeadais.

### An Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann atá comhdhéanta de thriúr comhaltaí an Bhoird agus ball seachtrach amháin, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta. Tháinig an CIR le chéile ceithre huaire in 2019.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann arna sainiú i gCairt an Bhoird le haghaidh Iniúchóireacht Inmheánach. Cuirtear bonn eolais faoi obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí le hanailís ar an riosca dá bhfuil an chomhlacht nochta, agus bunaítear na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí ar an anailís sin. D'fhormhuinigh an CIR an anailís riosca agus na pleananna iniúchóireachta inmheánaí agus d'fhaomh an Bord iad. Cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuarascálacha ar fáil don Bhord maidir le gníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí. Rinneadh an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a sheachfhoinsiú chuig comhlacht seachtrach.

D'fhorbair an CIR beartas um bainistíocht riosca ina leagtar amach inghlacthacht riosca Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, na próisis um bainistíocht riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an beartas chuig na baill foirne ar fad a bhfuiltear ag súil leo bheith ag obair laistigh de bheartais bainistíochta riosca Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, chun rabhadh a thabhairt don lucht bainistíochta maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí rialaithe agus glacann siad freagracht as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## An Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann córas bainistíochta riosca i bhfeidhm trína sainaithnítear agus trína dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis sin agus, a mhéid is féidir, na rioscaí sin a mhaolú. Choimeád Bord na Leabharlainne bainistíocht riosca mar buanmhír ar a gclár oibre cruinnithe. Bhí an beartas um bainistíocht riosca agus an ráiteas maidir le hinghlacthacht riosca a d'fhaomh na Bord le linn 2018, i bhfeidhm le linn 2019.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm trína sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an CIR an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú gach sé mhí agus athbhreithníonn an Bord é gach bliain. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéanfar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Tugtar sonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú. Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis ghnó,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta, agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo,
- tá córas buiséadaithe cuí i bhfeidhm, lena ngabhann buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach,
- tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm leo slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- tá nósanna imeachta rialaithe i bhfeidhm lena chinntiú go ndéanfar rialú leordhóthanach ar mhaoiniú deontas chun go n-úsáidfear é chun na críche beartaithe.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuireadh nósanna imeachta foirmiúla ar bun le haghaidh monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is iomchuí. Deimhnímid go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal i gcás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad nó leis an bhfeidhmíocht thuartha.

## Soláthar

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfar rialacha agus treoirlínte soláthair reatha. Seachas na conarthaí sin atá nochta sa mhír 'Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh' thíos, chomhlíon an Leabharlann a cuid nósanna imeachta in 2019.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuirtear bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh le hobair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre) agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de Leabharlann Náisiúnta na hÉireann atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha do 2019 ar an 10 Meán Fómhair 2020.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh laigí inmheánacha ar bith le inn 2019 seachas na cinn atá nochta thíos a bhaineann le caiteachas dar luach €145,592:

- Bhain conradh amháin (2019 €137,597: 2018 €59,757) le soláthar stórais as an láithreán do bhailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar chonradh éagtha a tugadh ar aghaidh. Chuir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tairiscint amach agus fuair siad conradh úr le soláthraí eile i mí Mheán Fómhair 2018. Baineann costais 2019 maidir leis an gconradh éagtha le costais bhreise maidir le bailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a aistriú go dtí an soláthraí seirbhíse úr agus costais stórála le linn an aistrithe go dtí an soláthraí seirbhíse úr.
- Bhain caiteachas dar luach €7,995 (2018: €8,241) le soláthair nochta pinsean faoi rialacháin chuntasaíochta nach bhfuarthas i gcomhréir leis na treoirlínte um soláthair dea-chleachtais.
- In 2019, shainaithint an Fhoireann Ceannaireachta cliseadh sealadach ar na rialuithe i dáil le soláthar na gCuntas Bainistíochta agus nochtadh é sin don Bhord láithreach. Fostaíodh comhairleoir seachtrach chun scrúdú a dhéanamh ar chruinneas na gCuntas Bainistíochta a ullmhaíodh go dtí Meán Fómhair 2019. Tá na torthaí ón scrúdú sin á n-athleigheas agus tá an Bord sásta anois go léirítear fíorléargas ar staid airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann sna Cuntais Bhainistíochta.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

| | |
|---|---|
| H. Paul Shovlin | An Dr Sandra Collins |
| *Cathaoirleach* | *Stiúrthóir* |

Dáta: 29 Meán Fómhair 2020

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

#### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas faoi ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoin staid airgeadais
- an ráiteas faoi shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairimse, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar a hioncam agus a caiteachas le haghaidh 2019 i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 —*An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

#### Bonn na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus ba de réir na gcaighdeán céanna a chomhlíon mé na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm.

Creidim gur leor agus cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bonn a thabhairt do mo thuairim.

#### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus ar ábhair eile

Chuir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn an fhaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais, tuarascáil na gcomhaltaí Boird agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt ar fhaisnéis den sórt sin agus ar ábhair eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Orla Duane
Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meán Fómhair 2020

# Aguisín leis an tuarascáil

## Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Faoi mar atá sonraithe sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gComhaltaí Boird tá na comhaltaí Boird freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasaíocht cuí nó nach bhfuil, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta 1997 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus tuairisc a thabhairt fúthu do Thithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Cé gur ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ní ráthaíonn sé go mbraithfear míráiteas ábhartha, i ngach cás inarb ann dó, nuair a dhéantar iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta. Is féidir le míráitis teacht chun cinn as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha i gcás gurb amhlaidh, ina n-aonar nó i dteannta míráiteas eile, go bhféadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachaidh siad i bhfeidhm ar na cinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais lena mbaineann.

Mar chuid d'aon iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, bainim leas as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar fud an iniúchta. Agus an méid sin á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus measúnaím na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais de bharr calaoise nó earráide; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bonn a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, seachas chun tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim meastóireacht ar a chuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus ar a réasúnaí atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar.
- Déanaim cinneadh ar a chuí atá sé bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, déanaim cinneadh ar cé acu is ann nó nach ann d'éiginnteacht ábhartha a bhaineann le heachtraí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar an gcumas atá ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leanúint de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach. Má chinnim gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, i gcás nach leor an nochtadh sin, ceanglaítear orm mo thuairim a athrú. Tá mo chinntí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh eachtraí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara go scoirfeadh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear na hidirbhearta agus na heachtraí bunúsacha i láthair ar bhealach cóir sna ráitis airgeadais.

Téim i dteagmháil leo siúd a bhfuil freagrachtaí rialachais orthu as raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus as fionnachtana suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar an rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

## Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh agus, le linn dom é sin a dhéanamh, a mheas cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a gnóthaíodh le linn m'iniúchta nó cé acu ar cosúil nó nach cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha uirthi. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, cinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

## Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má thagaim ar chúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím trí eisceacht freisin i gcás, i mo thuairim féin,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nárbh leor na taifid chuntasaíochta chun a chur ar mo chumas iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontais an Oireachtais | 2 | 8,437,333 | 7,652,880 |
| Bronntanais (Ábhair agus Airgead Tirim) | 3 | 795,364 | 2,087,739 |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha Pinsin | 6 (c) | 1,117,000 | 1,366,196 |
| Ioncam Eile | 4 | 425,913 | 421,627 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 9 | (956,509) | (2,795,413) |
| **Ioncam iomlán** | | **9,819,101** | **8,733,029** |
| | | | |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Riarachán agus Oibríochtaí | 5 | 5,761,820 | 5,565,393 |
| Cláir | 7 | 1,558,384 | 847,304 |
| Costais Sochar Scoir | 6(a) | 1,672,000 | 1,914,000 |
| Dímheas | 10 | 373,950 | 389,849 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **9,366,154** | **8,716,546** |
| | | | |
| Barrachas don Bhliain i ndiaidh Leithreasuithe | | 452,947 | 16,483 |
| | | | |
| Iarmhéid a Tugadh ar Aghaidh ag an 1 Eanáir | | 265,208 | 248,725 |
| | | | |
| **Iarmhéid a Tugadh ar Aghaidh ag an 31 Nollaig** | | **718,155** | **265,208** |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim agus nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

H. Paul Shovlin
*Cathaoirleach*

An Dr Sandra Collins
*Stiúrthóir*

Dáta: 29 Meán Fómhair 2020

# Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Barrachas don bhliain** | | **452,947** | **16,483** |
| Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar shochair scoir infhála | 6 (d) | 675,000 | 1,577,000 |
| Athrú ar bhoinn tuisceana atá mar bhunús le luach láithreach na n-oibleagáidí sochar scoir | 6 (b) | (5,012,000) | 4,157,000 |
| **(Caillteanas) / gnóthachan achtúireach iomlán sa bhliain** | | **(4,337,000)** | **5,734,000** |
| Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha sochar scoir | | 4,337,000 | (5,734,000) |
| **Iomlán an Ioncaim Chuimsithigh don bhliain** | | **452,947** | **16,483** |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim agus nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

H. Paul Shovlin
*Cathaoirleach*

An Dr Sandra Collins
*Stiúrthóir*

Dáta: 29 Meán Fómhair 2020

# Ráiteas faoin Staid Airgeadais

## Amhail an 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 10 | 2,200,792 | 2,498,429 |
| Sócmhainní Oidhreachta | 11 | 25,420,237 | 24,166,091 |
| | | 27,621,029 | 26,664,520 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 12 | 362,693 | 158,897 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 915,889 | 1,187,142 |
| | | 1,278,582 | 1,346,039 |
| **Dliteanais Reatha** *(méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)* | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 13 | 560,427 | 1,080,831 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | 718,155 | 265,208 |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí Sochar Scoir | 6 (b) | (44,696,000) | (39,242,000) |
| Sócmhainn Mhaoinithe Iarchurtha Sochar Scoir | 6 (b) | 44,696,000 | 39,242,000 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **28,339,184** | **26,929,728** |
| **Ionadaithe ag** | | | |
| Cuntas Caipitil: | | | |
| Sócmhainní Seasta Oidhreachta | 9 | 25,420,237 | 24,166,091 |
| Sócmhainní Seasta Oibriúcháin | 9 | 2,200,792 | 2,498,429 |
| Cúlchistí Coinnithe Ioncaim | | 718,155 | 265,208 |
| | | **28,339,184** | **26,929,728** |

Tá an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim agus nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

H. Paul Shovlin
*Cathaoirleach*

An Dr Sandra Collins
*Stiúrthóir*

Dáta: 29 Meán Fómhair 2020

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Thirim

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Glansreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas | 452,947 | 16,483 |
| Ábhair arna mBronnadh | (672,000) | (2,077,500) |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 373,950 | 389,849 |
| (Méadú) / Laghdú ar Infháltais | (203,796) | 3,372 |
| (Laghdú) / Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | (520,404) | 156,432 |
| Méadú ar an gCuntas Caipitil | 956,509 | 2,795,413 |
| **Glan-insreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **387,206** | **1,284,049** |
| **Sreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | (76,313) | (559,727) |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Oidhreachta a cheannach | (582,146) | (548,036) |
| **Glansreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(658,459)** | **(1,107,763)** |
| **Sreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | |
| Ús Bainc a fuarthas | - | - |
| **Glansreabhadh Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | **-** | **-** |
| **(Glanlaghdú) / Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | **(271,253)** | **176,286** |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ag an 1 Eanáir | 1,187,142 | 1,010,856 |
| **Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim ag an 31 Nollaig** | **915,889** | **1,187,142** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leo leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad uile ar fud na bliana agus ar fud na bliana roimhe sin.

### a) Faisnéis Ghinearálta

Cuireadh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar bun faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá a ceannoifig lonnaithe i Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar a leagtar amach i gCuid 12 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997:

> *"...ábhar na Leabharlainne Náisiúnta atá i mbailiúchán na Leabharlainne Náisiúnta a chaomhnú, a athchóiriú, a choinneáil i gcóir mhaith agus a mhéadú ar mhaithe leis an bpobal agus taifead d'ábhar leabharlainne (lena n-áirítear ábhar a bhaineann leis an nGaeilge) a bhaineann le hÉirinn a chur ar bun agus a choinneáil ar bun agus cion a dhéanamh maidir le deis a thabhairt do bhaill an phobail teacht ar ábhar a bhaineann le tíortha eile."*

Is Eintiteas Leasa Phoiblí í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

### b) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ("An Leabharlann Náisiúnta") don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), arna chur chun cinn ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

### c) Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a mheastar ag luach cóir, mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm a d'fhaomh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíothas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais na Leabharlainne Náisiúnta.

De réir mar atá leagtha amach i Nóta 14, bunaíodh Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (an tIontaobhas) chun cuidiú le forbairt na Leabharlainne Náisiúnta. Ní dhéantar torthaí an Iontaobhais a chomhdhlúthú leis na ráitis airgeadais seo ar an mbonn nach n-éilítear sin le hAlt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

### d) Ioncam

#### Deontais an Oireachtais

Aithnítear ioncam ó Dheontais an Oireachtais, Fotheideal A.7, an Leabharlann Náisiúnta a Athshamhlú – Forbairt Caipitil, ar bhonn inchúitithe i gcomhréir leis an gcaiteachas a tabhaíodh sa bhliain. Aithnítear gach ioncam eile ó Dheontais an Oireachtais ar bhonn fáltais airgid thirim.

#### Ioncam Eile

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhruithe.

#### Costais Dhíreacha

Costais dhíreacha a bhaineann le giniúint ioncaim eile trí ghníomhaíochtaí na Leabharlainne Náisiúnta, e.g. Araltas, léirítear iad mar ollmhéid i Nóta 4 - Ioncam Eile.

## e) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh de réir luach an chostais lúide dímheas carntha, arna choigeartú i leith aon soláthar do bhearnú. Cuirtear dímheas ar fáil ar an maoin, gléasra agus trealamh ar fad ar rátaí a mheastar chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar a saolré ionchais, mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Daingneáin agus Feistis | 10% sa bhliain |
| (ii) | Ríomhairí | 25% sa bhliain |
| (iii) | Trealamh Oifige agus Ginearálta | 20% sa bhliain |

Léiríonn luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mba rud é go bhfuil an tsócmhainn ar aois agus sa bhail lena bhfuiltear ag súil ag deireadh a saolré fónta.

Má bhíonn fianaise oibiachtúil ar bhearnú luach na sócmhainne ann, aithnítear caillteanas um bearnú sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta sa bhliain.

Maoinítear sócmhainní seasta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ó theaglaim deontas caipitil agus leithdháiltí ón ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a fhaightear ó dheontais chuig cuntas caipitil ar a ndéantar amúchadh i gcomhréir le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

## f) Infháltais

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha, nuair is cuí. Is soláthar sonrach é soláthar d'fhiacha amhrasacha. Bunaítear é nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Leabharlann Náisiúnta in ann na méideanna uile atá dlite di a bhailiú. Is sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim a aithnítear gach gluaiseacht i soláthar ar bith d'fhiacha amhrasacha.

## g) Sochair Fostaithe

### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain agus cuirtear sochair atá fabhraithe ag deireadh na bliana ar áireamh i bhfigiúr na Suimeanna iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

### Sochair Scoir

Chuir an Leabharlann Náisiúnta a scéim pinsin sochair shainithe féin ar bun roimhe sin ("an Phríomhscéim"). Bíonn sí á maoiniú ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead arna sholáthar ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta anois agus ó ranníocaíochtaí arna mbaint ó thuarastail na mball foirne. Chomh maith leis sin, tá Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair") i bhfeidhm ag an Leabharlann Náisiúnta. Is ionann an Scéim Aonair agus scéim sochair shainithe d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin. Íoctar ranníocaíochtaí na mball den Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a thuill fostaithe agus cuirtear i láthair iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne, ranníocaíochtaí a choinníonn an Leabharlann Náisiúnta. Is mar ioncam a aithnítear méid a chomhfhreagraíonn don mhuirear pinsin sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála agus seach-churtha le deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a íoc.

Is sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach a aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais scéime. Aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Léirítear sna ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, ar a luach cóir, a eascraíonn as oibleagáidí pinsin na Leabharlainne Náisiúnta agus as aon mhaoiniú gaolmhar agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair phinsin a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasaíochta a dtuilleann fostaithe iad lena linn. Tomhaistear dliteanais na scéime sochar scoir ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta chreidmheasa.

## h) Sócmhainní Oidhreachta agus Bailiúcháin na Leabharlainne

Sainmhínítear Sócmhainn Oidhreachta mar shócmhainn inláimhsithe lena mbaineann cáilíochtaí stairiúla, ealaíne, eolaíochta, teicneolaíochta, geoifisiceacha nó comhshaoil agus atá á coinneáil agus á cothabháil go príomha mar gheall ar an méid a chuireann siad le heolas agus le cultúr.

### Aithint Tosaigh

Taifeadtar earraí ceannaithe ar a gcostas sna ráitis airgeadais. Taifeadtar earraí bronntanais ar luach reatha de réir mar a chinneann Coimeádaithe na Leabharlainne é, agus tagairt á déanamh, nuair is féidir, do mhargaí tráchtála trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis idirbheart is déanaí atá ar fáil ó cheantanna. I gcás bronntanas mbaineann an Leabharlann Náisiúnta leas as alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 ina leith, taifeadtar iad bunaithe ar an luach a chinneann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Aithnítear bronntanais mar ioncam agus déantar aistriú comhfhreagrach chuig cuntas caipitil na Sócmhainní Seasta Oidhreachta mar a leanas:

- Bronntanais nach bhforchuirtear coinníollacha sonracha a bhaineann le feidhmíocht sa todhchaí ar an Leabharlann leo, aithnítear san ioncam iad nuair a fhaightear na hacmhainní nó nuair a bhíonn siad infhaighte;
- Bronntanais a bhforchuirtear coinníollacha sonracha a bhaineann le feidhmíocht sa todhchaí ar an Leabharlann leo, ní aithnítear san ioncam iad ach tar éis na coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht a chomhlíonadh; agus
- Aithnítear dliteanas i gcás ina bhfaightear acmhainní sula gcomhlíontar na critéir aitheanta ioncaim.

### Luacháil

Níl an Bord den tuairim gur féidir costas iontaofa ná faisnéis luachmhar a fháil do gach ceann de na hearraí atá á gcoinneáil i mbailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta. Ní féidir déanamh amhlaidh de bharr chineál éagsúil na n-ábhar atá á gcoinneáil, de bharr líon na míreanna sna bailiúcháin agus de bharr na heaspa luachanna inchomparáide margaidh atá ar fáil. Dá bhrí sin, ní aithníonn an Leabharlann Náisiúnta a bailiúcháin uile mar shócmhainní sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais seachas i gcás ceannacháin a raibh costas nó luach €5,000 nó níos mó orthu a fuarthas nó a bronnadh ó bhunú an Bhoird i mí na Bealtaine 2005. Tugtar Sócmhainní Oidhreachta ar na cineálacha sin sócmhainní ag an dáta taifeadta.

Aithnítear sócmhainní oidhreachta ar dtús ag costas an cheannacháin mar an luach a chuirtear ar earraí bronnta. Tugtar na hearraí ar aghaidh ag costas sa ráiteas ar staid airgeadais le laghduithe le haghaidh bearnaithe nuair is ábhartha.

Is trí leithdháileadh maoinithe caipitil na Leabharlainne Náisiúnta don bhliain a mhaoinítear gach ceannachán don bhailiúchán a bhfuil costas €5,000 nó níos mó air. Is tríd an leithdháileadh maoinithe reatha a mhaoinítear ceannacháin a bhfuil costas faoi bhun €5,000 orthu.

Caipitlítear Cartlannú Gréasáin agus Digitiú ar a gcostas. Caipitlítear na costais sin freisin i gcás ina mbaineann catalógú agus meiteashonraí go díreach le tionscadail Chartlannaithe Gréasáin agus Digitithe.

### Bearnú

Ní dhéantar sócmhainní oidhreachta a dhímheas. Más ann d'fhianaise oibiachtúil ar bhearnú luach sócmhainne oidhreachta, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa bhliain. D'fhéadfaí sócmhainn oidhreachta a bhearnú, mar shampla i gcásanna ina bhfuil meath fisiciúil tagtha uirthi, inar briseadh í nó ina dtagann amhras chun cinn maidir lena barántúlacht.

### Costais Chaomhantais

Is sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim sa tréimhse ina dtabhaítear é a aithnítear caiteachas caomhnaithe a theastaíonn chun míreanna aonair a chaomhnú nó chun meath míreanna aonair a chosc.

## i) Breithiúnais Thábhachtacha Chuntasaíochta agus Meastacháin Thábhachtacha Chuntasaíochta

I dtaca le hullmhú na ráiteas airgeadais, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar mhéideanna na sócmhainní agus na ndliteanas a tuairiscíodh tráth an dáta tuairiscithe agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus speansas le linn na bliana. Fágann cineál an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí féin bheith difriúil ó na meastacháin sin, áfach. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

### Sócmhainní Oidhreachta a Bronnadh

Cinntear luach na n-earraí bailiúcháin a bhronntar ar an Leabharlann Náisiúnta trí theicnící luachála a úsáid. Feidhmíonn an Leabharlann Náisiúnta a breithiúnas agus í ag roghnú modhanna éagsúla, mar atá leagtha amach sa bheartas cuntasaíochta do Shócmhainní Oidhreachta (h) thuas.

### Maoin, Gléasra agus Trealamh a Bhearnú

Déantar sócmhainní atá faoi réir amúchadh a athbhreithniú i leith bearnú i gcás ina léiríonn eachtraí nó athruithe i gcúinsí nach bhféadfaí an méid glanluacha a aisghabháil. Aithnítear caillteanas bearnaithe de réir na difríochta idir méid glanluacha na sócmhainne agus méid in-aisghabhála na sócmhainne, fad is gur mó an méid glanluacha ná an méid in-aisghabhála. Is é an méid in-aisghabhála an ceann is airde de luach cóir na sócmhainne lúide an costas díola agus luach úsáide na sócmhainne. D'fhonn bearnú a mheasúnú, rangaítear sócmhainní ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreabhadh airgid thirim atá inaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid). Déantar sócmhainní neamhairgeadais a bearnaíodh a athbhreithniú ar mhaithe le haisiompú féideartha an bhearnaithe ag gach dáta tuairiscithe.

### Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar shaolréanna sócmhainne agus luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme sócmhainne seasta, go háirithe saolré ionchais eacnamaíoch agus luachanna iarmharacha na bhfeistí agus na ndaingneán, agus chinn siad gur cuí na saolréanna sócmhainne agus na luachanna iarmharacha.

### Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir

Maidir leis na Scéimeanna Aoisliúntais dá dtagraítear sa rannán "Sochair Fostaithe" thuas:

- D'aithin an Bord sócmhainn a chomhfhreagraíonn leis an dliteanas neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir atá iníoctha faoin bPríomhscéim agus faoin Scéim Aonair agus d'aithin sé maoiniú le haghaidh sochair scoir a aithníodh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019. I mbreithiúnas an Bhoird leanfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta nó a heintitis chomharba leis na cistí a theastaíonn chun na hoibleagáidí pinsin neamh-mhaoinithe sin a íoc a chur ar fáil.
- Déantar ranníocaíochtaí pinsin faoin Scéim Aonair a tharchur chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Le haghaidh bhaill na Scéime Aonair, déantar foráil in alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 i leith maoiniú íocaíochtaí pinsin de réir mar a bheidh siad dlite trí bhíthin íocaíochtaí as an gCiste Lárnach nó as cistí a sholáthraíonn an tOireachtas chun na críocha sin. Scéim le sochar sainithe is ea an scéim aonair agus cuimsítear í i nochtuithe FRS 102 2019.

### Oibleagáid Sochar Scoir

Na boinn tuisceana atá mar bhunús leis na luachálacha achtúireacha a gcinntear na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ina leith (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe ar leibhéil chúitimh agus rátaí mortlaíochta sa todhchaí), nuashonraítear iad gach bliain bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus i dtaca le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm ar na boinn tuisceana:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin; agus

(ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, dálaí an mhargaidh shaothair sa todhchaí.

## 2. Deontais an Oireachtais

Deontais an Oireachtais a vótáiltear chuig an Leabharlann Náisiúnta ó Vóta 33 na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ("an Roinn") mar a léirítear sna ráitis airgeadais, tá na nithe seo a leanas i gceist iontu:

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| | **Fotheideal** | | *ath-aicmithe* |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann – Reatha | A.11 | 7,347,000 | 7,085,000 |
| Bonneagar Cultúrtha agus Forbairt Chultúrtha - Caipiteal | A.7 | 607,333 | 79,880 |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann – Caipiteal | A.11 | 478,000 | 478,000 |
| Éagsúlacht agus Cuimsiú LNÉ - Reatha | A.6 | 5,000 | 10,000 |
| | | **8,437,333** | **7,652,880** |

Is iad na deontais faoi Fhotheideal A.11 deontais bhliantúla na Leabharlainne Náisiúnta chun críocha oibriúcháin, lena n-áirítear pá, pinsin, caiteachas riaracháin agus cláir, bailiúcháin agus mionfheabhsúcháin chaipitil.

Cuirtear deontais faoi Fhotheideal A.6 i gcomhair thionscnaimh na Leabharlainne Náisiúnta sa réimse maidir le hÉagsúlacht agus Cuimsiú.

Bhí na nithe seo a leanas i gceist leis na deontais ón gCiste Bonneagair Chultúrtha agus Forbartha Cultúrtha (Fotheideal A.7):

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| | | *ath-aicmithe* |
| Bailiúchán foilseachán ailtireachta Alistair agus Ann Martha Rowan | 166,185 | - |
| Cuntais agus páipéir Airgeadais Bhanc Shinn Féin agus 'The Irish National Aid and Volunteer Dependants' Fund' | 21,780 | - |
| An Leabharlann Náisiúnta a Athshamhlú – Forbairt Caipitil | 232,144 | 75,373 |
| Ciste um Dhigitiú | 187,224 | 4,507 |
| | **607,333** | **79,880** |

Déantar an maoiniú deontas ar fad a sholáthraítear faoi Fhotheideal A.7 a chúiteamh i riaráiste bunaithe ar sholáthar na sonrasc, conarthaí agus fianaise íocaíochta.

Aithníodh ioncam €232,144 i ndáil le ranníocaíocht a tugadh i gcomhair Fhorbairt an Sciatháin Thiar a bheidh ina chuid dár n-oibreacha leanúnacha le hOifig na nOibreacha Poiblí. Bhí suim €232,144 (2018:€nialas) gan íoc ag deireadh na bliana agus léirítear é sa Chuntas Fabhraithe i Nóta 12.

Tacaíonn deontas faoin gCiste um Dhigitiú leis an Leabharlann Náisiúnta lena bailiúcháin a dhigitiú chun rochtain ar líne a éascú agus tacú leis.

## 3. Bronntanais

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ábhair arna mBronnadh | 672,000 | 2,077,500 |
| Bronntanais - Airgead Tirim | 123,364 | 10,239 |
| | **795,364** | **2,087,739** |

Déantar bronntanais earraí bailiúcháin a chaipitliú má dhéantar iad a luacháil ag €5,000 nó níos mó i gcomhréir leis an mBeartas Bailiúchán (féach Nóta 7 (a)). Le linn 2019, tugadh trí bhronntanas do Bhailiúcháin Speisialta na Leabharlainne Náisiúnta dar luach €5,000 nó níos mó agus tugtar eolas fúthu sin i Nóta 7 (a), Bailiúcháin. Is ionann luach na mbronntanas a tugadh faoi Alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (arna leasú leis an Acht Airgeadais 2002) le linn 2019 agus €650,000, tá eolas fúthu sin tugtha i Nóta 7 (a).

## 4. Ioncam Eile

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Seirbhísí Cóipeála | 39,033 | 51,244 |
| Dleachtanna agus Seirbhísí Macasamhlaithe | 10,549 | 22,016 |
| Ioncam Araltais | 64,247 | 41,157 |
| Costais Dhíreacha a bhain le hAraltas | (32,846) | (40,546) |
| Research Data Alliance – Deontas Eorpach | (24,120) | 121,929 |
| Café Joly | 22,643 | 1,274 |
| Deontas na Comhairle Oidhreachta | - | 9,151 |
| Ioncam Miondíola ó Thaispeántas Heaney | 72,902 | 43,631 |
| Costais Mhiondíola ó Thaispeántas Heaney | (28,087) | (28,351) |
| Urraíocht | 300,000 | 200,000 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 1,592 | 122 |
| | **425,913** | **421,627** |

Tacaíonn an deontas a fuarthas ón Research Data Alliance (RDA) le seirbhísí agus imeachtaí seirbhíse sainchomhairleoireachta um bainistíocht sonraí taighde, na costais arna dtabhú ag an Stiúrthóir i ndáil lena rannpháirtíocht in Research Data Alliance (RDA), agus forchostas riaracháin. Rinneadh deontas a fuarthas agus nár caitheadh dar luach €25,719 a aisíoc le Comhordaitheoir Tionscadal an RDA in 2019.

Fuarthas an t-airgead Urraíochta dar luach €300,000 ó Bhanc na hÉireann. Is ionann é sin agus ranníocaíocht an Bhainc i gcomhair oibriú Taispeántas Heaney – 'Listen Now Again' de chuid na Leabharlainne Náisiúnta. Coinnítear an Taispeántas in Ionad Cultúrtha agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann ar a áitreabh ar Fhaiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.

# 5. Riarachán agus Oibríochtaí

| | Nóta | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| Luacha Saothair agus Costais Foirne eile | 5(a) | 4,425,210 | 4,212,741 |
| Leictreachas, Glantachán agus Fóntais | | 314,363 | 310,553 |
| Cumarsáid agus TF | | 315,917 | 262,434 |
| Slándáil | | 205,253 | 228,313 |
| Costais Sainchomhairleoireachta | 5(f) | 255,463 | 146,402 |
| Costais Ilghnéitheacha Oibriúcháin | | 32,555 | 204,058 |
| Costais Stórála | | 105,991 | 97,453 |
| Costais Oifige | | 47,287 | 37,566 |
| Deisiúcháin, Cothabháil agus Muirir Léasúcháin | | 13,473 | 61,772 |
| Caillteanais de bharr an Ráta Malairte Eachtraí | | 22,290 | 3,894 |
| Ús Prasíocaíochta | | 1,063 | 207 |
| Costais Seirbhíse Seachfhoinsithe | | 15,195 | - |
| Speansais Research Data Alliance | | 7,760 | - |
| | | **5,761,820** | **5,565,393** |

## (a) Luach Saothair - Sochair Chomhiomlána Fostaithe

| | Nóta | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| Tuarastail Foirne | | 3,862,102 | 3,743,308 |
| ÁSPC Fostóra | | 311,727 | 291,093 |
| Speansais na gComhaltaí Boird agus Luach Saothair an Stiúrthóra | 5 (d)/(e) | 122,238 | 119,134 |
| **Sochair Chomhiomlána Fostaithe** | | **4,296,067** | **4,153,535** |
| Taisteal agus Cothú Foirne | | 42,484 | 20,781 |
| Oiliúint agus Forbairt Foirne | | 86,659 | 38,425 |
| **Luach Saothair agus Costais Foirne eile** | | **4,425,210** | **4,212,741** |

Níor íocadh sochair foirceannta ar bith in 2019 (2018: €nialas).

B'ionann Leithdháileadh Iomlán Pá Fhotheideal A.11 le haghaidh 2019 agus €4,679,000 nár caitheadh €641,512 de in 2019 agus tugadh ar aghaidh go 2020 é.

## Sochair Ghearrthéarmacha na Foirne

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Bunphá | 3,747,508 | 3,629,482 |
| Ragobair | 20,687 | 18,782 |
| Liúntais | 93,907 | 95,044 |
| | **3,862,102** | **3,743,308** |

B'ionann Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC) na foirne le haghaidh 2019 agus €111,112. B'ionann an Asbhaint maidir le Pinsin (PRD) le haghaidh 2018 agus €147,609. Tugadh an ASC isteach le héifeacht ón 1 Eanáir 2019 agus tháinig sé in ionad an PRD. Tá feidhm ag an ASC maidir le luach saothair inphinsin.

## Caiteachas Taistil agus Cothaithe na gComhaltaí Boird agus na Foirne

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Taisteal agus Cothú na gComhaltaí Boird agus na Foirne | | | *athshonraithe* |
| Intíre | - Comhaltaí Boird | 4,878 | 2,679 |
| | - Foireann | 5,704 | 4,157 |
| Idirnáisiúnta | - Comhaltaí Boird | - | - |
| | - Foireann | 36,780 | 16,624 |
| | | **47,362** | **23,460** |

## (b) Líon Foirne (Coibhéisí Lánaimseartha nó FTEnna)

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon Foirne (Coibhéisí Lánaimseartha) | 87 | 85.7 |

## (c) Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe os cionn €60,000 a chatagóiriú mar a leanas:

| **Raon na sochar fostaithe iomlán** | **Líon Fostaithe** | |
|---|---|---|
| Ó - Go dtí | **2019** | **2018** |
| €60,000 - €69,999 | 10 | 16 |
| €70,000 - €79,999 | 7 | 6 |
| €80,000 - €89,999 | 3 | 3 |
| €90,000 - €99,999 | 1 | 0 |
| €100,000 - €109,999 | 0 | 0 |
| €110,000 - €119,999 | 1 | 1 |

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, ragobair agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC leo.

## Príomhphearsanra bainistíochta

Cuimsítear sa tábla seo an Fhoireann Ceannaireachta (ar a dtugtaí an Coiste Comhairleach Bainistíochta ("MAC") roimhe seo) agus gráid shinsearacha eile a bhfuil údarú acu dul isteach i gconarthaí agus ceangaltais airgeadais a dhéanamh thar ceann na heagraíochta faoi réir teorainneacha údarúcháin sainithe agus a meastar go bhfuil a mbaill ina bpríomhphearsanra bainistíochta de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faoi mar a shainítear faoi FRS 102. Cuimsítear i bPríomhphearsanra Bainistíochta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann na Comhaltaí Boird agus an Fhoireann Ceannaireachta. Tá an Fhoireann Ceannaireachta comhdhéanta den Stiúrthóir; an Leas-Stiúrthóir agus Ceann na Forbartha; Ceann na nAcmhainní Daonna, Ceann na mBailiúchán Foilsithe; Ceann na nEastát; Coimeádaí na mBailiúchán Speisialta agus Príomh-Aralt na hÉireann; Ceann na dTaispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe; an Ceann Airgeadais agus an Príomhoifigeach Riosca; agus Ceann na mBailiúchán Speisialta. Cuimsíodh sochair fostaithe a íocadh le baill na Foirne Ceannaireachta nó thar a gceann in 2019 Tuarastal de €613,071 (€631,432:2018) agus ÁSPC Fostóra de €49,274 (€49,907:2018).

## (d) Speansais na gComhaltaí Boird

| **Comhalta Boird** | Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu | An Coiste Iniúchóireachta & Riosca (CIR) | An Coiste Comhairleach do Léitheoirí ar a bhFreastalaíodh | An Coiste Ginealais & Araltais ar a bhFreastalaíodh | Táillí Boird | Speansais Dearbhaithe € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| H. Paul Shovlin (Cathaoirleach) | 9 | | | | - | 782 |
| Ciara Breathnach | 9 | | 5 | | - | - |
| Bob Collins | 8 | | | | - | - |
| Maeve Conrick | 8 | 2 | | | - | 1,314 |
| James Dorgan | 9 | 4 | | | - | - |
| Jack Keyes | 7 | | 5 | | - | 1,942 |
| Conor Kostick | 8 | | | 3 | - | - |
| Katherine McSharry | 8 | | | | - | - |
| Eoin McVey | 6 | 4 | | | - | - |
| Susan Philips | 7 | | | 1 | - | 840 |
| Susan Schreibman | 6 | | | | - | - |
| Jennifer Taaffe | 6 | | | 2 | - | - |
| | | | | | | **4,878** |

Ní íocann an Leabharlann táillí leis na comhaltaí Boird i gcomhréir le beartas an Rialtais. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann 79% de na speansais thuas le 2019 agus go mbaineann 21% díobh le 2017 agus 2018.

## (e) Luach Saothair an Stiúrthóra

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| An Stiúrthóir, gan ÁSPC fostóra san áireamh (a ceapadh i mí Lúnasa 2015) | 117,360 | 112,799 |
| Ceartú ar Thuarastal 2017 – Riaráistí a Íocadh in 2018 | - | 3,656 |
| | **117,360** | **116,455** |

Áirítear leis an bpacáiste freisin luach saothair socruithe caighdeánacha pinsin earnála poiblí. Níl aon bhónais ná Sochair Chomhchineáil ag baint leis an bpost seo.

## (f) Costais Sainchomhairleoireachta

| | **2019** | **2018** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Comhairleacht | 68,563 | 84,081 |
| Iniúchóireacht | 50,320 | 33,743 |
| *- Iniúchadh Seachtrach* | *23,000* | *21,000* |
| *- Iniúchadh Inmheánach* | *27,320* | *12,743* |
| Dlíthiúil (lena n-áirítear forálacha) | 125,273 | 21,147 |
| Aistriú | 11,307 | 7,431 |
| | **255,463** | **146,402** |

Áirítear ar chostais sainchomhairleoireachta costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear orthu feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách.'

Níor tabhaíodh aon chostais dhlíthiúla, socraíochtaí nó costais idir-réitigh agus eadrána sa bhliain a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe.

## 6. Costais Sochar Scoir

### a) Anailís ar iomlán na gcostas sochar scoir a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ollchostas Seirbhíse Reatha | 1,140,000 | 1,308,000 |
| Costas Úis | 777,000 | 735,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | (245,000) | (129,000) |
| | **1,672,000** | **1,914,000** |

### b) Gluaiseacht i nglanoibleagáidí sochar scoir sa bhliain airgeadais

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Oibleagáid Sochair Shainithe Tosaigh | 39,242,000 | 43,590,000 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 1,140,000 | 1,308,000 |
| Costas Úis | 777,000 | 735,000 |
| Caillteanas / (Gnóthachan) Achtúireach – Boinn Tuisceana Airgeadais | 5,012,000 | (4,157,000) |
| Gnóthachan Achtúireach – Ó Thaithí | (675,000) | (1,577,000) |
| Sochair lúide Ranníocaíochtaí Íoctha na mBall | (800,000) | (657,000) |
| **Oibleagáid Sochair Shainithe Deiridh** | **44,696,000** | **39,242,000** |

### c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Aithníonn an Bord na méideanna sin mar shócmhainn atá comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir ar bhonn an tacair bonn tuisceana atá luaite thuas agus ar bhonn roinnt eachtraí san am a chuaigh thart. Áirítear leis na heachtraí sin an bonn reachtúil le bunú na scéime sochar scoir agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an mBord a léiríonn nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ar aghaidh ag íoc na méideanna sin de réir an chleachtais reatha.

Is mar a leanas a aithníodh an glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Maoiniú in-aisghabhála i leith chostais sochar scoir na bliana reatha | 1,917,000 | 2,043,000 |
| Deontas stáit a cuireadh i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc | (800,000) | (676,804) |
| | **1,117,000** | **1,366,196** |

B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir amhail an 31 Nollaig 2019 agus €44.7m (2018: €39.2m).

## d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

| | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Oibleagáidí Sochair Shainithe | 44,696 | 39,242 | 43,590 | 39,625 | 33,634 |
| Gnóthachain / (Caillteanais) ó Thaithí ar Dhliteanais Scéime Sochair Shainithe | 675 | 1,577 | (682) | 754 | 415 |
| Céatadán Dhliteanais an Phlean | 1.5% | 4.0% | (1.6%) | 1.9% | 1.2% |

## e) Cur síos ginearálta ar an scéim

Socrú pinsin tuarastail deiridh le sochar sainithe agus ranníocaíochtaí is ea scéim sochair scoir na Leabharlainne faoi threoir na rialachán "samplach" reatha maidir le scéim na hearnála poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (arb é sin 1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (arb é sin 3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is é breithlá 65 bliain d'aois an chomhalta an ghnáthaois scoir, agus tá comhaltaí roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d'aois. Is gnách go dtagann méadú ar Phinsin atá á n-íoc (agus iarchurtha) ar aon dul le boilsciú ginearálta tuarastail na hearnála poiblí.

Feidhmíonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair") chomh maith agus is scéim sochair shainithe í d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Soláthraítear pinsean agus cnapshuim scoir sa scéim bunaithe ar luach saothair inphinsin mheán na gairme agus pinsin céilí agus leanaí. Is é 66 bliain d'aois an aois íosta phinsin (ag méadú ar an don le hathruithe ar haois phinsin an Stáit). Áirítear leis áis luathscoir arna laghdú go hachtúireach ó aois 55. Méadaítear pinsin atá á n-íoc ar aon dul leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS102 ar an luacháil achtúireach a rinne achtúire neamhspleách cáilithe ar an 9 Márta 2020, agus ceanglais FRS á gcur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar na dliteanais scéime ag an 31 Nollaig 2019.

Bhí na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha mar a leanas:

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Boilsciú | 1.70% | 1.70% |
| Ráta an mhéadaithe fhadtéarmaigh ghinearálta i dtuarastail | 2.50% | 2.70% |
| Ráta an mhéadaithe i sochair stáit | 1.50% | 1.70% |
| Ráta an mhéadaithe i sochair iarchurtha | 1.50% | 1.70% |
| Méaduithe pinsin | 1.50% | 1.70% |
| Ráta lascaine do dhliteanais scéime | 1.20% | 2.00% |

## Mortlaíocht

Leis an mbonn mortlaíochta féadfar feabhsúcháin a dhéanamh go sainráite ar an ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil ag am scoir ag brath ar an mbliain ina mbaineann an ball aois scoir amach. Leis an tábla thíos taispeántar an t-ionchas saoil do bhaill a shlánóidh 65 bliain d'aois in 2019 agus in 2039.

| | 2019 | 2039 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fear | 87.1 | 89.0 |
| Ionchas saoil - bean | 90.2 | 92.3 |

## 7. Cláir

| | Nóta | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Bailiúcháin Speisialta** | | | |
| Tionscadal Catalógaithe | | 246,088 | 22,574 |
| Éadálacha Bailiúchán Speisialta | 7 (a) | 190,074 | 283,904 |
| Caomhnú | | 84,493 | 72,382 |
| Seirbhísí Seomra Léitheoireachta MSS | | - | 660 |
| | | 520,655 | 379,520 |
| **Bailiúcháin Fhoilsithe** | | | |
| Éadálacha Bailiúchán Foilsithe | 7 (a) | 210,399 | 107,388 |
| Próiseáil agus Cumhdach | | 5,563 | 4,640 |
| Seirbhísí do Léitheoirí | | 5,186 | 7,493 |
| | | 221,148 | 119,521 |
| **Taispeántais, Foghlaim agus Cláreagrú** | | | |
| Cláir Phoiblí, Cumarsáid agus Rannpháirtíocht | | 33,561 | 211,061 |
| WW1 Ireland: Exploring the Irish Experience | | 247 | 11,788 |
| Imeachtaí Cuimhneacháin 2017 | | - | 816 |
| Taispeántas Heaney – 'Listen Now Again' | | 144,409 | 4,009 |
| Taispeántais eile | | 57,451 | 44,994 |
| Taispeántas faoi William Butler Yeats | | 9,184 | 7,161 |
| | | 244,852 | 279,829 |
| **Ginealas agus Araltas** | | | |
| Seirbhís Taighde Ginealais | | 23,342 | 26,097 |
| Tionscadail Chatalógaithe agus Chaomhnaithe na hOifige Ginealais | | - | 12,358 |
| Costais Eile Ghinealais agus Araltais | | 5,171 | 3,090 |
| | | 28,513 | 41,545 |
| **Bailiúcháin Dhigiteacha** | | | |
| Bogearraí a bhaineann go sonrach le Leabharlanna | | 8,403 | 13,156 |
| Catalógú na mBailiúchán Digiteach | | 6 | 518 |
| Trealamh Leabharlainne agus Cothabháil | | 10,987 | 13,215 |
| | | 19,396 | 26,889 |
| **Oifig Forbartha** | | | |
| Cumarsáid, Caidreamh Poiblí agus Cur Chun Cinn | | 291,676 | - |
| | | 291,676 | - |
| **Tionscadal Tógála um Fhorbairt Caipitil** | | | |
| Speansais Inaisíoctha maidir leis an Leabharlann Náisiúnta a Athshamhlú – Forbairt Caipitil | | 232,144 | - |
| | | 232,144 | - |
| | | **1,558,384** | **847,304** |

## (a) Éadálacha

| | Nóta | 2019 |
|---|---|---|
| | | € |
| **Sealbhuithe Bailiúchán Speisialta a maoiníodh tríd an Deontas Reatha** | | |
| ▪ Seanleabhair agus Leabhair Neamhchoitianta | | 74,577 |
| ▪ Lámhscríbhinní | | 78,061 |
| ▪ Priontaí agus Líníochtaí | | 20,902 |
| ▪ Earraí Inbhailithe | | 8,088 |
| ▪ Bailiúcháin Ceoil | | 437 |
| ▪ Grianghraif | | 8,009 |
| | | 190,074 |
| **Sealbhuithe Bailiúchán Speisialta a maoiníodh tríd an Deontas Caipitil** | | |
| ▪ Cartlann an phrintéara agus dearthóra Hans van Eijk le haghaidh aistriú Seamus Heaney ar Aeneid VI (Bonnefant, 2016) | | 15,143 |
| ▪ Institiúid le haghaidh Galair Leanaí ag Sráid Pitt 1839-1847 | | 7,500 |
| ▪ Dialanna Stephen Moore, 3 hIarla Mount Cashell, c. 1853-82 a scríobhadh ag Páirc an Mhúraigh, contae Chorcaí agus i mBaile Átha Cliath, Londain, SAM agus Ceanada | | 9,968 |
| ▪ Cuntais agus páipéir Airgeadais Bhanc Shinn Féin | | 21,780 |
| ▪ Bailiúchán Páipéar a bhaineann le clann Mansfield as Baile Mhuiris | | 14,000 |
| ▪ Bailiúchán foilseachán ailtireachta Alistair agus Ann Martha Rowan | | 166,185 |
| ▪ Cartlann ina bhfuil comhfhreagras ó S. Beckett | | 130,000 |
| ▪ Bailiúchán de leabhair Éireannacha, agus leabhair eile do pháistí | | 25,000 |
| ▪ Páipéir de chuid Paul Mercier agus an dearthóra amharclainne Anne Gately | | 95,000 |
| | 11(f) | 484,576 |
| **Bailiúcháin Speisialta a fuarthas trí bhronnadh** | | |
| ▪ Dhá Imleabhar léarscáileanna lámhscríbhinní ó Eastát Bessborough i gcontae Chill Chainnigh | | 10,000 |
| ▪ Bailiúchán litreacha a scríobh Robert Baden-Powell agus albam Grianghraf de Chogadh na mBórach | | 6,000 |
| ▪ Cartlann an scríbhneora J.P. Donleavy (faoi Alt 1003) | | 650,000 |
| ▪ Páipéir de chuid Sean Kearney a bhaineann le Sinn Féin, toghcháin na Dála agus Cumann Mheiriceá maidir le Poblacht na hÉireann a Aithint | | 6,000 |
| | 11(f) | 672,000 |
| **Sealbhuithe Bailiúchán Digiteach a maoiníodh tríd an Deontas Caipitil** | | |
| ▪ Cartlannú Gréasáin | | 91,484 |
| | 11(f) | 91,484 |
| **Éadálacha Bailiúchán Foilsithe a maoiníodh tríd an Deontas Reatha** | | |
| ▪ Leabhair | | 94,396 |
| ▪ Suibscríbhinní ar Líne | | 81,378 |
| ▪ Nuachtáin | | 21,056 |
| ▪ Foilseacháin Oifigiúla | | 1,216 |
| ▪ Tréimhseacháin | | 12,353 |
| | | 210,399 |
| **Iomlán na Sealbhuithe** | | **1,648,533** |

Faoi mar a léirítear i Nóta 1(h) cuimsítear sócmhainní oidhreachta a fuarthas/a bronnadh ó bunaíodh an Bord in 2005 sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais. Ní raibh bailiúcháin reatha na Leabharlainne Náisiúnta ar dháta an bhunaithe dílsithe sa Bhord - bhí siad fós dílsithe sa Stát. Ceapann an Bord nach mbeadh sé praiticiúil na bailiúcháin sin a luacháil nó a bpraghas bunaidh a fháil amach agus nach bhfaighfí, i gcás ar bith, faisnéis a bheadh ábhartha nó úsáideach trí mheasúnú a dhéanamh ar a mhaoirseacht ar na bailiúcháin.

Baineann luach íseal le formhór na n-earraí a fhaightear do na bailiúcháin astu féin amhail leabhair, nuachtáin agus tréimhseacháin. Faightear ábhair a foilsíodh in Éirinn trí thaisce dhlíthiúil i gcomhréir le forálacha Alt 198 den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (arna leasú). Faightear ábhair a foilsíodh in áiteanna eile trí cheannach nó trí bhronnadh i gcomhréir le Beartas um Fhorbairt Bailiúchán na Leabharlainne Náisiúnta. Áirítear leis sin ábhair a foilsíodh i dTuaisceart Éireann chomh maith le hábhair a foilsíodh thar lear a bhaineann le hÉirinn i gcomhréir le hAlt 12 den Ach um Fhorais Chultúir 1997.

Taispeántar bailiúcháin le linn 2019 sa tábla thuas, agus idirdhealú á dhéanamh idir caiteachas arna chur de mhuirear ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe Ioncaim maidir le hearraí arna luacháil ina n-aonar ar luach níos lú ná €5,000 - atá taispeánta de réir an chineáil - agus caiteachas ar earraí caipitlithe nó tionscadail dhigitithe arna luacháil ag €5,000 nó níos mó - atá miondealaithe.

## 8. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon ghealltanais chonarthacha i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2019.

## 9. Cuntas Caipitil

### a) Sócmhainní Oidhreachta

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | 24,166,091 | 21,540,555 |
| Sócmhainní Oidhreachta a fuarthas | 582,146 | 548,036 |
| Sócmhainní Oidhreachta a deonaíodh | 672,000 | 2,077,500 |
| **Iarmhéid deiridh (Nóta 11(f))** | **25,420,237** | **24,166,091** |

### b) Sócmhainní Seasta Oibriúcháin

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | 2,498,429 | 2,328,551 |
| Chun ceannach Sócmhainní Seasta a mhaoiniú | 76,313 | 559,727 |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | (373,950) | (389,849) |
| **Iarmhéid deiridh (Nóta 10)** | **2,200,792** | **2,498,429** |

# 10. Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | Trealamh TF | Trealamh | Troscán agus Feistis | Taispeántais atá ar siúl nó atá á gcur le chéile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Ag an 1 Eanáir | 2,827,862 | 1,385,793 | 1,167,273 | 1,496,015 | 6,876,943 |
| Breiseanna | 34,273 | 16,583 | 25,457 | - | 76,313 |
| **Ag an 31 Nollaig** | **2,862,135** | **1,402,376** | **1,192,730** | **1,496,015** | **6,953,256** |
| | | | | | |
| **Dímheas** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 1,822,364 | 1,328,757 | 1,013,677 | 213,716 | 4,378,514 |
| Muirear don bhliain | 95,567 | 36,231 | 47,864 | 194,288 | 373,950 |
| **Ag an 31 Nollaig** | **1,917,931** | **1,364,988** | **1,061,541** | **408,004** | **4,752,464** |
| | | | | | |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir | 1,005,498 | 57,036 | 153,596 | 1,282,299 | 2,498,429 |
| Glanghluaiseacht don bhliain | (61,294) | (19,648) | (22,407) | (194,288) | (297,637) |
| **Ag an 31 Nollaig** | **944,204** | **37,388** | **131,189** | **1,088,011** | **2,200,792** |

## a) Taispeántais atá á gcur le chéile

Baineann an chuid eile de na taispeántais a bhí á bhfeidhmiú nó á bhforbairt amhail an 31 Nollaig 2019 le taispeántas Seamus Heaney a seoladh ar an 4 Iúil 2018. Is é seo tionscadal comhoibríoch idir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Banc na hÉireann. Tá an taispeántas lonnaithe in Ionad Cultúrtha agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann ar Fhaiche Stiabhna agus tá sé le reáchtáil go dtí mí na Nollag 2023. Is é €nialas an luach measta a bheidh ar na hearraí sin ag deireadh an taispeántais. Áirítear ar an muirear dímheasa ar 2019 coigeartú dar luach (€77,715) le haghaidh 2018, ós rud é gurbh é ó Iúil 2018 go mí na Nollag 2021 an tréimhse dímheasa ar dtús. Fuair Leabharlann Náisiúnta na hÉireann cead ón Aire le linn 2019, áfach, le haghaidh síneadh go dtí an 31 Nollaig 2023. Tá saolré theoranta leis an taispeántas agus déantar sócmhainní gaolmhara a dhímheas thar a shaolréanna fónta ionchais nó thart shaolré fhónta an taispeántais, cibé acu is gairide. Is imeacht ó bheartas sócmhainní seasta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann é leanúint leis an taispeántas a nochtadh ina chatagóir sócmhainní reatha ina gceanglaítear go ndéanfar sócmhainní taispeántais a aistriú go dtí an chatagóir sócmhainní cheart nuair a chuirfear in úsáid iad.

# 11. Sócmhainní Oidhreachta

## a) Faisnéis Ghinearálta

De réir an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, is leis an Stát bailiúcháin uile na leabharlainne agus is faoi bhainistíocht Bhord na Leabharlainne atá siad.

- Is iad príomhfheidhmeanna Bhord na Leabharlainne Náisiúnta an t-ábhar leabharlainne atá i mbailiúchán na Leabharlainne a chaomhnú, a athchóiriú, a choinneáil i gcóir mhaith agus a mhéadú ar mhaithe leis an bpobal; taifead d'ábhar leabharlainne (lena n-áirítear ábhar a bhaineann leis an nGaeilge) a bhaineann le hÉirinn a chur ar bun agus a choinneáil ar bun; agus cion a dhéanamh maidir le deis a thabhairt do bhaill den phobal teacht ar ábhar a bhaineann le tíortha eile.
- Tá séde chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun bailiúchán na Leabharlainne a mhéadú.
- Tá sé de chumhacht ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta chomh maith ábhair a thabhairt ar iasacht faoi réir fhorálacha Alt 18 (1) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.
- Tá sé de chumhacht ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta chomh maith ábhair na Leabharlainne a dhiúscairt faoi réir fhorálacha alt 18(2) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.
- Is trí leithdháileadh maoinithe caipitil na Leabharlainne don bhliain a mhaoinítear gach ceannachán don bhailiúchán a bhfuil costas os cionn €5,000 air. Is tríd an leithdháileadh maoinithe reatha a mhaoinítear ceannacháin a bhfuil costas faoi bhun €5,000 orthu.

## b) Cineál agus Scála an Bhailiúcháin

Is ionann stoic irisí na Leabharlainne Náisiúnta agus an bailiúchán is cuimsithí d'ábhar doiciméadach Éireannach ar domhan. Chomh maith leis sin, tá léiriú ríthábhachtach ar stair agus oidhreacht na hÉireann le fáil ann.

Léirítear i struchtúr bainistíochta na Leabharlainne Náisiúnta na trí shnáithe leathana den fhócas bailithe. Is é Coimeádaí nó Ceann Rannóige atá freagrach as gach ceann díobh, mar a leanas:

- Bailiúcháin Speisialta
- Bailiúcháin Fhoilsithe
- Bailiúcháin Dhigiteacha.

### Bailiúcháin Speisialta

Cuimsítear i mBailiúcháin Speisialta ábhar neamhchoitianta agus uathúil amhail lámhscríbhinní, grianghraif, priontaí, líníochtaí, earraí inbhailithe, leabhair neamhchoitianta agus seanleabhair, léarscáileanna lámhscríofa agus ceol. Tá na milliúin mír ar áireamh i mBailiúcháin Speisialta, mar shampla breis agus 4.5 milliún mír sna bailiúcháin ghrianghraf agus breis agus milliún mír sa bhailiúchán lámhscríbhinní.

### Bailiúcháin Fhoilsithe

Cuimsítear i mBailiúcháin Fhoilsithe leabhair, nuachtáin agus tréimhseacháin nua-aimseartha agus úra. Ceann de na príomhbhailiúcháin atá sna Bailiúcháin Fhoilsithe is ea Bailiúchán na Taisce Dlíthiúla ina bhfuil gach ábhar – leabhair, nuachtáin agus irisí a foilsíodh in Éirinn – a fuarthas faoi fhorálacha um Thaisce Dhlíthiúil an Achta Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 (arna leasú).

### Bailiúcháin Dhigiteacha

Cuimsítear i mBailiúcháin Dhigiteacha míreanna digiteacha a chruthaigh an Leabharlann Náisiúnta mar thoradh ar dhigitiú an ábhair ó Bhailiúcháin Speisialta agus ó Bhailiúcháin Fhoilsithe (sócmhainní nua) agus ar dhigitiú na míreanna ar a dtugtar "Digitghinte" ar nós suíomhanna Gréasáin nach raibh ar fáil riamh ach i bhformáid dhigiteach.

## c) Sealbhú

Tá de chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann bailiúchán na Leabharlainne Náisiúnta a mhéadú agus sealbhaítear ábhar ar thrí bhealach: taisce dhlíthiúil, bronnadh agus ceannach.

### Taisce Dhlíthiúil

Foráil reachtúil is ea an taisce dhlíthiúil lena gceanglaítear ar fhoilsitheoirí cóipeanna dá bhfoilseacháin a thaisceadh i leabharlanna áirithe, sa tír ina bhfoilsítear iad de ghnáth. I bPoblacht na hÉireann tá an fhoráil reachtúil maidir le taisce dhlíthiúil leagtha amach san Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 200 0 (arna leasú).

### Bronntanais

Faigheann an Leabharlann Náisiúnta bronntanais thábhachtacha do na bailiúcháin gach bliain. Cuirtear bronntanais faoi mheasúnú ar aon dul leis na critéir atá leagtha amach i mBeartas na Leabharlainne Náisiúnta maidir le Bailiúcháin a Fhorbairt.

I gcásanna áirithe, féadfaidh bronntóirí faoiseamh cánach a fháil i leith bronntanais earraí oidhreachta don Leabharlann Náisiúnta, mar a fhoráiltear ina leith faoi alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Féadfaidh feidhm a bheith ag an bhfaoiseamh sin maidir le bronntanais nó "míreanna oidhreachta" amhail cartlanna, leabhair, taifid eastáit, lámhscríbhinní agus priontaí mar ar mó ná €150,000 luach iomlán na míreanna arna mbronnadh.

### Ceannacháin

Baintear úsáid as buiséad éadálacha na Leabharlainne Náisiúnta chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta, cibé acu trí cheannach díreach nó trí cheant. Déantar cinntí ar sheanábhar agus míreanna uathúla oidhreachta a cheannach de réir na gcritéar atá leagtha amach i mBeartas na Leabharlainne Náisiúnta maidir le Bailiúcháin a Fhorbairt. Ceannaítear foilseacháin reatha agus nua lena mbaineann spéis Éireannach agus nach bhfaightear faoi thaisce dhlíthiúil mar ghnáthchleachtas.

## d) Caomhnú agus Caomhantas

Oibríonn an Rannóg Caomhantais chun caomhantas agus caomhnú a dhéanamh ar bhailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. De ghnáth, ní fheabhsaíonn bearta caomhnaithe bail an earra, ach baintear úsáid astu chun díghrádú a mhoilliú agus chun damáiste a dhéantar le modhanna éighníomhacha a chosc. I gcodarsnacht leis sin, is é is aidhm do chaomhantas saolré agus inrochtaineacht na mbailiúchán a fhadú trí chóireálacha idirghabhála a fheabhsaíonn bail fhisiciúil agus cheimiceach an earra agus a fheabhsaíonn bail amhairc an earra go minic.

Anuas ar fhreagracht a ghlacadh as cóireáil chaomhantais na n-earraí neamhchoitianta agus uathúla, oibríonn na caomhnóirí ar raon éagsúil beart chun an riosca go ndéanfaí damáiste do na bailiúcháin a mhaolú. Áirítear leis na gníomhaíochtaí sin tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne agus oiliúint a chur orthu i ngach gné de chúram agus bainistíocht bailiúchán, lena n-áirítear láimhsiú, measúnacht reachta, suirbhéireacht, athchóiríocht agus cur i mbosca de réir céime. Chomh maith leis sin, ullmhaíonn caomhnóirí na hearraí le haghaidh taispeáint, digitiú agus tabhairt ar iasacht lena dtaispeáint.

## e) Diúscairt

Tá sé de chumhacht ag Bord na Leabharlainne Náisiúnta chomh maith ábhair na Leabharlainne a dhiúscairt faoi réir fhorálacha alt 18(2) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. De ghnáth, ní dhiúscraíonn an Leabharlann Náisiúnta an t-ábhar ina bailiúcháin.

## f) Anailís ar Shealbhuithe

De réir mar atá sonraithe sna Beartais Chuntasaíochta (Nóta 1, h), aithníonn an Leabharlann Náisiúnta Sócmhainní Oidhreachta uile (lena mbaineann luach aonair níos mó ná €5,000) a ceannaíodh nó a fuarthas ó 2005. Tugtar a leithéid de shócmhainní ar aghaidh ar chostas le coigeartú le haghaidh bearnú nuair is gá. Tá na hidirbhearta le haghaidh 2019 agus le haghaidh na gceithre thréimhse chuntasaíochta roimhe sin leagtha amach thíos.

| | Lámhscríbhinní | Digiteach | Físeach | Priontáilte | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó Luacháil:** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Ag an 1 Eanáir | 17,341,987 | 2,207,067 | 2,929,864 | 1,687,173 | 24,166,091 |
| Ceannacháin | 484,576 | 91,484 | - | 6,086 | 582,146 |
| Ábhar Bronntanais | 672,000 | - | - | - | 672,000 |
| Ag an 31 Nollaig | **18,498,563** | **2,298,551** | **2,929,864** | **1,693,259** | **25,420,237** |

## (g) Achoimre Airgeadais Cúig Bliana ar Idirbhearta Sócmhainní Oidhreachta

| | 2019 | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **Breiseanna** | | | | | |
| Lámhscríbhinní | 484,576 | 427,629 | 825,505 | 433,672 | 533,631 |
| Digiteach | 91,484 | 120,407 | 74,574 | 81,210 | 225,673 |
| Físeach | - | - | 63,102 | 15,092 | 1,515,263 |
| Priontáilte | 6,086 | - | 439,334 | - | 31,905 |
| | **582,146** | **548,036** | **1,402,515** | **529,974** | **2,306,472** |

## 12. Infháltais

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Réamhíocaíochtaí | 64,561 | 97,557 |
| Ioncam Fabhraithe | 232,144 | - |
| Féichiúnaithe | 65,988 | 61,340 |
| | **362,693** | **158,897** |

## 13. Suimeanna Iníoctha

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha | 298,794 | 176,011 |
| Cánachas agus Leas Sóisialach | 114,350 | 149,310 |
| Creidiúnaithe Trádála | 147,283 | 755,510 |
| | **560,427** | **1,080,831** |

## 14. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Féach Nóta 5 chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus ar na sochair a íocadh le príomhphearsana bainistíochta.

Glacann an Leabharlann Náisiúnta nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina gcumhdaítear leasanna pearsanta na gcomhaltaí Boird. Sa ghnáthchúrsa gnó, féadfaidh an Leabharlann Náisiúnta deontais a fhaomhadh nó dul isteach i socruithe conarthacha eile le heintitis ina bhfuil comhaltaí Boird na Leabharlainne Náisiúnta fostaithe nó ina bhfuil leas acu ar shlí eile.

Bunaíodh Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (an tIontaobhas), cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal, chun cuidiú le forbairt Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus chun leabhair phriontáilte, lámhleabhair, agus ábhar eile a scríobh/rinne Éireannaigh nó a bhaineann le hÉirinn a fháil. Is páirtithe gaolmhara iad an Náisiúnta agus an tIontaobhas toisc go bhfuil formhór na nIontaobhaithe ina gcomhaltaí reatha de Bhord nó d'fhoireann bainistíochta na Leabharlainne Náisiúnta. Feidhmíonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann rialú thar Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Ullmhaíonn an tIontaobhas ráitis airgeadais bhliantúla a ndéanann gnóthas iniúchóirí tráchtála iniúchadh orthu. Baineann na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí atá ar fáil leis an mbliain dar críoch an 30 Aibreán 2019 ina dtaifeadtar caiteachas de €5,319; ioncam de €nialas agus cúlchistí ioncaim coimeádta/glansócmhainní dheireadh na bliana de €474,558. Ní dhearnadh idirbhearta ar bith idir an tIontaobhas agus an Leabharlann Náisiúnta le linn 2019.

## 15. Figiúirí Comparáideacha

Rinneadh costais áirithe a athghrúpáil agus a ath-aicmiú sa bhliain reatha; níor leasaíodh na figiúirí comparáideacha toisc go meastar go bhfuil an tionchar an-bheag.

## 16. Dliteanais Theagmhasacha

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann bainteach in éileamh ar ghortú phearsanta atá á láimhseáil ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Soláthraíodh suim laistigh d'Fhabhruithe agus Ioncam Iarchurtha i Nóta 13 a bhaineann leis an éileamh sin. Níl eolas ar bith eile tugtha ionas nach ndéanfar dochar tromchúiseach do staid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann san éileamh lena mbaineann.

## 17. Imeachtaí i nDiaidh na Tréimhse Tuairiscithe

Ní raibh imeachtaí ar bith ann idir dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo le haghaidh ceiste lena dteastódh coigeartú ar na ráitis airgeadais.

Aithníonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann go bhfuil paindéim Covid-19 ina himeacht suntasach a tharla ón dáta tuairiscithe. Tá monatóireacht á déanamh ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar an gcás le gach dícheall cuí, agus faigheann sé eolas ar bhonn rialta ó lucht bainistíochta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar bhonn leanúnach. Dhún Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar an 12 Márta 2020 i ndiaidh treoir ón Rialtas, agus d'oscail sí don phobal arís ar an 29 Meitheamh 2020. Leanann gnó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag feidhmiú agus bearta i bhfeidhm chun na baill foirne agus cuairteoirí a chosaint. Tá na baill foirne ag obair go cianda nó ar an láthair ag brath ar a ról, agus táthar ag leanúint le seirbhísí a chur ar fáil. Go dtí seo, coimeádadh oibríochtaí agus formhór ghníomhaíochtaí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus iad á gcur in oiriúint don bhealach difriúil ina bhfuil an gnó á sholáthar. Cé nach bhfuil Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ábalta an tionchar atá ag Covid- 19 ar a sreafaí airgid thirim a thuar go hiontaofa, tá dlúthmhonatóireacht á déanamh ar fheidhmíocht agus oibríochtaí na heagraíochta agus soláthraítear réamhaisnéisí rialta maidir le sreabhadh airgid thirim don Bhord agus don Roinn.

Measann an Bord, toisc go soláthraíonn an t-eintiteas seirbhís phoiblí atá maoinithe le hairgead ón Státchiste, tríd an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, gur cuí é na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

## 18. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann na ráitis airgeadais ar an 10 Meán Fómhair 2020.


CORNEILLE

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) an leabharlann taifid d'Éirinn. Bunaíodh an Leabharlann sa bhliain 1877 agus comhroinnimid scéal na hÉireann leis an domhan trínár mbailiúcháin uathúla. Tugaimid aire do níos mó ná deich milliún mír, agus tá leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, líníochtaí, ábhar gearrshaolach, ceol agus meáin dhigiteacha ina measc. Tá an Leabharlann ar oscailt saor in aisce do gach duine ar mhaith leo súil a chaitheamh ar na bailiúcháin.

Is iad na cúig thosaíocht straitéiseacha atá ag an Leabharlann Náisiúnta don tréimhse 2016 – 2021 ná bailigh, cosain, ceangail, nuáil agus comhoibrigh.

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag

*Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*

National Library of Ireland

www.nli.ie